Oifig an

Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe

Tuarascáil Bhliantúil 2003

© Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe 2004

Tuarascáil Bhliantúil 2003

Clár

Réamhfhocal an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe *3*

Ráiteas Misin *4*

Céard is Iarratasóir Tearmainn ann? *5*

Sainmhíniú ar Dhídeanaí *5*

Caibidil 1 Réamhrá *7*

Caibidil 2 Mór-Fhorbairtí i 2003 *13*

Caibidil 3 Tús an Phróisis Iarratais *17*

Caibidil 4 Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath/Rialachán Bhaile Átha Cliath II *21*

Caibidil 5 Imscrúdú na n-Iarratas *27*

Caibidil 6 Mionaoisigh gan Tionlacan *39*

Caibidil 7 Ag Tíolacadh in Éisteacht Achomhairc *45*

Caibidil 8 Athaontú Teaghlaigh *49*

Caibidil 9 Seirbhís do Chustaiméirí *53*

Caibidil 10 Tacaíocht Eagrúcháin *57*

Aguisíní *65*

Aguisín 1 Cairt den Eagraíocht *66*

Aguisín 2 Staitisticí Iarratas/Próiseála *67*

Aguisín 3 Staitisticí Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath *72*

Aguisín 4 Sonraí Airgeadais *77*

Aguisín 5 Príomhathruithe ar Acht na nDídeanaithe, 1996, agus ar an bpróiseas déileála le hiarratais ar thearmann a thig ó na leasuithe atá in alt 7 den Acht Inimirce, 2003 *79*

Gluais Téarmaíochta *83*

Réamhfhocal an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe

Is cúis áthais dom an tríú tuarascáil de chuid Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe de bhun alt 7 d'Acht na nDídeanaithe, 1996, a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Tá forbhreathnú á sholáthar ag an dtuarascáil seo ar fheidhmiú agus ar dhul chun cinn na h-eagraíochta i rith na bliana 2003. Tugtar achoimre ar mhodhanna oibre na hOifige agus ar na forbairtí, reachtach agus eile, ag a raibh tionchar ar a saothar le linn na tréimhse sin.

Bhí tábhacht faoi leith ag mór-leasú Acht na nDídeanaithe, atá san Acht Inimirce, 2003, ar an gcomhthéacs agus an slí ina bhfeidhmíonn sinn. Bhí orainn an próiseas cinnteoireachta agus oiliúint foirne a mhodhnú go mór chun na forálacha nua a chur i ngníomh.

Maidir le rialachas corparáideach, rinneamar athbhreithniú agus forbairt ar straitéis trí bliana; chuireamar plean corparáideach 5-bliana i gcrích; agus d'ullmhaíomar plean gnó do 2004 inar cuimsíodh comhpháirt bainistíochta phriacail don chéad uair riamh. Bhí comhairliú fairsing i gceist le gach ceann de na feidhmeanna seo, rud a chuideoidh le héifeachtacht na seirbhíse a chuirfimid ar fáil a uasmhéadú.

Faoi chlár chun seirbhís do chustaiméirí a fhormhaisiú chuireamar ár gcéad suirbhé custaiméara i gcrích; rinneamar méadú ar phainéal idirchaidrimh na gcustaiméirí; d'fhorbraíomar próiseas nua gearáin do chustaiméirí; agus dhearamar agus sheolamar ár suíomh gréasáin, *www.orac.ie.*

Le linn na bliana, tugadh isteach an próiseas comhpháirtíochta agus leathnaíodh é san Oifig tríd ghrúpaí oibre a chur ar bun ag an gCoiste Comhpháirtíochta. Tá feidhm thábhachtach ag an gCoiste Comhpháirtíochta chun athrú a réamh-mheas agus a bhainistiú, feidhmiú ardleibhéil a chur chun cinn agus chun láthair oibre níos fearr a chruthú. Tá dualgas ar an Oifig seo a chinntiú go mbeidh ról fiúntach ag an bpróiseas comhpháirtíochta san eagraíocht.

Gabhaim buíochas le foireann m'Oifigse as a ndíograis agus a ngairmiúlacht arna léiriú ag táirgiúlacht fheabhsaithe na hOifige. Ba mhian liom freisin comhoibriú na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a chur in iúl, mar aon leis an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe, an Ghníomhaireacht um Fháiltiú agus Lánpháirtiú, chomh maith le gníomhaireachtaí stát eile agus eagraíochtaí atá bainteach leis an bpróiseas tearmainn. Ba mhian liom aitheantas faoi leith a thabhairt do thacaíocht agus do chomhairle leanúnach Ionadaíocht Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNHCR) in Éirinn.



Berenice O'Neill
An Coimisinéir

Is é ráiteas misin Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe de réir Acht na nDídeanaithe, 1996, ná

(i) *imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ó dhaoine atá ag lorg dearbhú do stádas dídeanaí mar aon le moltaí iomchuí a eisiúint don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí*

agus

(ii) *imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ó dhídeanaithe chun cead a thabhairt do dhuine den teaghlach teacht isteach agus cónaí sa Stát agus miontuairisc a thabhairt don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar iarratais dá leithéid*

agus á dhéanamh sin, seirbhís ard-chaighdeáin a chur ar fáil dár gcustaiméirí trí bheartais agus nósanna imeachta cothroma agus oscailte a chur i ngníomh, ina gcaitear le gach iarratasóir go dea-bhéasach agus go cineálta.

Céard is Iarratasóir Tearmainn ann?

Séard is iarratasóir tearmainn ann ná duine a lorgaíonn aitheantas mar dhídeanaí de réir choinníollacha Choinbhinsiún na Ginéive 1951 a bhaineann le stádas dídeanaí, agus Prótacal gaolmhar 1967, a fhoráileann bunús do chóras cosanta na ndídeanaithe i gcoitinne.

Sainmhíniú ar Dhídeanaí

Is é an sainmhíniú atá ar dhídeanaí i ndlí na hÉireann ná "duine, i ngeall ar eagla a bhfuil údar leis roimh ghéarleanúint de bharr chúis chine, reiligiúin, náisiúntachta, ballraíochta de ghrúpa shóisialta nó de dhearcadh pholaitiúil faoi leith, atá lasmuigh de thír a náisiúntachta agus nach bhfuil ábalta nó, de thoradh eagla dá leithéid, nach bhfuil toilteanach fónamh a bhaint as cosaint na tíre sin; nó, gan náisiúntacht a bheith aige nó aici agus lasmuigh de thír a s(h)ean gnáthchónaí, nach bhfuil ábalta nó, de thoradh eagla dá leithéid, nach bhfuil toilteanach filleadh ar ais ann…".

1

Réamhrá

Creatlach Dhlíthiúil

Bunaíodh dhá oifig reachtúil neamhspleách i mí na Samhna, 2000, faoi Acht na nDídeanaithe, 1996, chun iarratais/achomhairc a mheas do stádas dídeanaí agus chun moltaí a chur ós comhair an Aire maidir lenar chóir stádas dá leithéid a dheonú. Is iad an dá oifig seo ná Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe (ORAC), a mheasann iarratais ar dhearbhú mar dhídeanaí sa chéad chéim agus an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe a mheasann iarratais ar dhearbhú ag an gcéim achomhairc.

Tá feidhmeanna reachtúla an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe leagtha síos in Acht na nDídeanaithe, 1996, arna leasú ag an Acht Inimirce, 1999, Acht na nInimirceach Neamhdhleathacha (Ceannaíocht), 2000, agus an tAcht Inimirce, 2003. Ciallaíonn "Acht na nDídeanaithe, 1996" sa tuarascáil seo "Acht na nDídeanaithe, 1996 (arna leasú)".

Tá baint ag na hIonstraim Reachtúla (I.R.) seo a leanas leis an Oifig agus í i mbun a cuid gnó:

- I.R. Uimh. 342 de 2000 – Acht na nDídeanaithe, 1996 Rialacháin (Achomhairc), 2000.
- I.R. Uimh. 343 de 2000 – Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath Ordú (Feidhmiúchán), 2000.
- I.R. Uimh. 344 de 2000 – Acht na nDídeanaithe, 1996 Rialacháin (Áiteanna agus Coinníollacha Coinneála), 2000.
- I.R. Uimh. 345 de 2000 – Acht na nDídeanaithe, 1996 Rialacháin (Foirm Iarratais), 2000.
- I.R. Uimh. 346 de 2000 – Acht na nDídeanaithe, 1996 Rialacháin (Deimhniú Cónaithe Sealadach), 2000.
- I.R. Uimh. 415 de 2003 – An tAcht Inimirce, 2003 (Alt 7) Ordú (Tionscnaimh), 2003
- I.R. Uimh. 422 de 2003 – Acht na nDídeanaithe, 1996 Ordú (Tíortha Bunaidh Sábháilte), 2003.
- I.R. Uimh. 423 de 2003 – Acht na nDídeanaithe, 1996 Ordú (Alt 22), 2003.



Bunfheidhmeanna Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe

Sonraítear in Acht na nDídeanaithe, 1996, go mbeidh an Coimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe neamhspleách i gcomhlíonadh a f(h)eidhmeanna. Tá feidhmeanna de chineál reachtúil agus neamh-reachtúil ag an gCoimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe, mar a cheanglaítear le hAcht na nDídeanaithe, 1996. Is iad na príomhfhreagrachtaí reachtúla ná:

- imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ó dhaoine atá ag lorg dearbhú ar stádas dídeanaí agus moltaí cuí a eisiúint don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i dtaobh iarratais den sórt sin, agus
- imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ó dhídeanaithe ar chead do bhaill teaghlach teacht isteach agus cónaí sa Stát agus miontuairisc a thabhairt don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i dtaobh iarratais den sórt sin.

Tá an Coimisinéir freagrach freisin as Deimhnithe Cónaithe Sealadacha a eisiúint do lucht iarrtha tearmainn; as aon threoir Aireachta faoin Acht a chomhlíonadh lena mbaineann beartú tosaíochta d'earnálacha áirithe iarratasóir; tíolacadh chás an Choimisinéara don Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe a threorú, sa chás go ndéanfar achomharc chun an Bhinse in aghaidh moltaí atá déanta ag an gCoimisinéir; agus as gach faisnéis a áirítear bheith riachtanach dá bhfeidhmeanna faoin Acht a sholáthar don Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe, don Bhord Comhairleach um Dhídeanaithe, don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus d'Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNHCR). Cé go bhfuil an Coimisinéir freagrach ar deireadh as na feidhmeanna reachtúla seo a chomhlíonadh faoin Acht, féadfaidh sé nó sí a f(h)eidhmeanna a tharmligean chuig aon chomhalta dá f(h)oireann.

I dteannta seo, de bhun alt 8 den Acht Inimirce, 2003, tá sé de dhualgas ar an gCoimisinéir faisnéis a mhalartú, faisnéis phearsanta san áireamh, le Ranna eile de Rialtas na hÉireann agus le gníomhaireachtaí eile chun críocha Acht na nDídeanaithe nó riaradh aon dlí lena mbaineann teacht isteach agus aistriú amach ón Stát de dhaoine nach náisiúnaigh iad. Féadfaidh an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh faisnéis a iarraidh freisin chun críocha na n-Achtanna Leasa Shóisialaigh.

Tá feidhmeanna neamh-reachtúla ag an gCoimisinéir chomh maith. Áirítear ina measc a chinntiú go gcaithfear agus go bpléifear le hiarratais ar thearmann sa chéad chéim ar bhealach cóir, dea-bhéasach agus éifeachtach; treoracha a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm phraiticiúil Acht na nDídeanaithe, 1996, mar aon le nósanna imeachta agus caighdeáin oibre; a chinntiú go gcuirfear faisnéis leordhóthanach ar fáil faoi thíortha bunaidh lucht iarrtha tearmainn mar aon le dlí-eolaíocht agus cleachtais idirnáisiúnta sa réimse tearmainn chun freagrachtaí na hOifige a chomhlíonadh; páirt a ghlacadh i bhfóraim idirnáisiúnta faoi shaincheisteanna a bhaineann le tearmann; feidhmiú, oiliúint agus forbairt foirne; ag plé le ceisteanna ó na meáin; an buiséad agus an plean gnó a ullmhú agus a bhainistiú.

Próiseas Pleanála Straitéise agus Gnó

Cuireadh Creat-Cháipéis le chéile i dtús na bliana 2001, mar chéim thosaigh d'fhonn próiseas pleanála straitéise agus gnó don Oifig a fhorbairt.

I 2003, forbraíodh Ráiteas Straitéise don tréimhse 2004-2006 i gcomhchomhairle le baill foirne ag gach leibhéal agus leis an gCoiste Comhpháirtíochta. Arna léiriú sa ráiteas tá creatlach ina bhfheidhmeoidh an Oifig suas go deireadh na bliana 2006, agus leagtar síos spriocanna agus cuspóirí na hOifige, mínítear na straitéisí chun iad a bhaint amach agus na táscairí feidhmíochta lena ndéanfar na straitéisí a thomhas i gcomparáid leis na cuspóirí a leagadh síos.

Eochair-Luachanna na hOifige

Is iad na heochair-luachanna a threoraíonn obair na hOifige ná:

- **Neamhspleáchas** – Neamhspleáchas próisis agus cinnteoireachta.
- **Cothrom na féinne** – Nósanna imeachta cothroma a chuirtear i bhfios don lucht iarrtha tearmainn.
- **Diongbháilteacht** – Diongbháilteacht agus oibleagáidí reachtúla á gcur i ngníomh.
- **Seirbhís do na príomh-geallchoimeádaithe** – Tiomantas seirbhíse do iarratasóirí agus do gheallchoimeádaithe eile.
- **Tiomantas foirne** – A aithint gurb í an fhoireann an acmhainn is luachmhaire atá ag an Oifig agus timpeallacht a chothú in ar féidir leo obair go héifeachtach agus a gcumas a fhorbairt chun leasa na hOifige go háirithe, agus a slí beatha i gcoitinne.
- **Tiomantas foirfeachta** – Obair a dhéanamh atá ar chaighdeán a chinnteoidh táirgeacht thapaidh cháilithe.
- **Oscailteacht** – Gach teagmháil a dhéanamh le lucht iarrtha tearmainn, leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an UNHCR, Eagraíochtaí Neamh-Rialtasacha agus leis an bpobal i gcoitinne i slí ina gcuirfear muinín i bhfeidhmiú na hOifige.
- **Éifeachtacht in úsáid acmhainne** – Gach acmhainn atá againn a úsáid go héifeachtach ach gan an caighdeán a isliú.

Maoiniú agus Soláthar Foirne na hOifige

Soláthraíonn an Stát maoiniú do Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe tríd an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Tá arna fhoráil ag an Acht "gur státseirbhísigh de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956, a bheidh sna comhaltaí d'fhoireann an Choimisinéara".

Foráiltear san Acht freisin "go bhféadfaidh an Coimisinéir aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna a tharmligean chuig aon chomhalta dá fhoireann nó dá foireann faoin Acht seo…". Tá gach ball den fhoireann (ach amháin na hOifigigh Seirbhíse agus Freastalaithe Seirbhíse) atá ag obair san Oifig ceapaithe ina n-oifigigh údaraithe. Ainmnítear ball foirne nua ina (h)oifigeach údaraithe agus é nó í á c(h)eapadh.

Struchtúr Bainistíochta na hEagraíochta

Ag deireadh na bliana 2003 bhí 274 ball foirne ag obair san Oifig. Tá Cairt na hEagraíochta ceangailte in Aguisín 1.

Riachtanais Tuairiscithe

Is iad seo a leanas riachtanais tuairiscithe an Choimisinéara mar a leagtar síos san Acht:

- tuarascáil a chur ós comhair an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir lena g(h)níomhaíochtaí tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis deireadh gach bliana. Cuirfidh an tAire faoi deara cóip den Tuarascáil Bhliantúil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.
- gach faisnéis riachtanach a sholáthar don Aire go rialta, ionas gur féidir leis nó léi a c(h)untasacht agus a f(h)reagracht aireachta i ndáil leis an Oifig a chomhlíonadh.
- cuntas sonrach agus gnách a choimeád ar gach suim airgid a fuarthas nó a caitheadh agus gach cuntas speisialta dá leithéid (más ann iad) mar ar féidir leis an tAire a ordú.
- na cuntais seo a chur ós comhair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar dháta a ainmneoidh an t-Aire. Soláthrófar cóip nó sleachta ó na cuntais seo, mar aon le tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don Aire a chuirfidh faoi deara iad a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(Faigheann Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe liúntas ciste bliantúil ar a bhfuil Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ina Oifigeach Cuntais agus cuimsítear cuntais an ORAC i gcuntais bliantúla na Roinne.)

2

Mór-Fhorbairtí i 2003

Reachtaíocht

Le linn 2003, chuir ORAC mór-leasuithe Acht na nDídeanaithe, 1996, atá san Acht Inimirce, 2003, i ngníomh (Aguisín 5). Ba iad na gnéithe ba thábhachtaí a bhain le na leasuithe seo ná tabhairt isteach 'treoracha tosaíochta' Aireachta agus ainmniú tíortha faoi leith mar 'thíortha bunaidh sábháilte' ag an Aire chomh maith le bearta a ceapadh chun déileáil níos éifeachtaí le neamh-láithreachas iarratasóirí. Cé gur theastaigh athrú nach beag ar phróiseas na cinnteoireachta chun na forálacha sin a chur i ngníomh, chinntigh ullmhúchán cuimsitheach de chuid ORAC, i gcomhcheangal le gníomhaireachtaí cuí eile, gur tugadh isteach iad gan dul ar gcúl.

Titim sa Líon Iarratas ar Thearmann

Bhí titim 32% ar an líon iarratas ar thearmann a fuair ORAC le linn 2003 i gcomparáid le 2002 (2003: 7900, 2002: 11634). Bhí ísliú níos suntasaí fós ar an líon iarratas a tarraingíodh siar (2003: 1243, 2002: 6064), forbairt a chuirtear síos don chuid is mó do chinneadh na hArd-Chúirte nach bhfuil an ceart ag tuismitheoirí linbh a rugadh in Éirinn cónaí sa Stát ar an mbonn seo. Roimhe seo rinne go leor iarratasóirí a n-iarratais ar thearmann a tharraingt siar agus iarratas á chur acu ag an Aire ar chead fanacht sa Stát ar an mbonn seo. (Níl aon cheanglas ann gur chóir seo a dhéanamh agus lean roinnt iarratasóirí ar aghaidh leis an dá cheann.)

Cásanna a Próiseáileadh le linn 2003

Bhí tionchar nach beag ag an dtitim sa líon cás a tarraingíodh siar don chuid is mó de 2003 ar an éifeacht seo i dtitim sa líon iarratas i gcoitinne, rud a fhágann ORAC le breis cásanna le tabhairt chun críche. Ach fós bhí méadú breis is 9% ar an líon cás a tugadh chun críche i 2003 i gcomparáid leis an líon a fuarthas, agus faoi dheireadh na bliana bhí titim go 4554 ar an líon cás a bhí fós idir lámha, sin ísliú 10% ná mar a bhí ag deireadh na bliana 2002 agus ísliú 51% ná mar a bhí nuair a bunaíodh an Oifig i mí na Samhna, 2000.

Ceann de na tionchair a bhí ag na leasuithe reachtaíochta ná go mbíonn amanna próiseála difriúla i gceist do na cásanna sin atá faoi choimirce ag treoir tosaíochta Aireachta agus iad siúd nach bhfuil. Faoi dheireadh na bliana 2003, bhí breis is 40% de chásanna nua faoi choimirce ag treoir tosaíochta agus de ghnáthréir glacadh cinneadh lastigh de 5-6 sheachtain ón iarratas a dhéanamh. Aon chás nach bhfuil faoi choimirce ag treoir tosaíochta, beidh den chuid is mó, arna eisiúint le cinneadh 8 mí ón iarratas a dhéanamh.

Rialachán Bhaile Átha Cliath II agus EURODAC

Rinneadh líon forbairt thábhachtach freisin i rith na bliana maidir leis na socruithe atá i bhfeidhm chun a chinntiú cén Ballstát de chuid an AE atá freagrach as iarratas ar thearmann faoi leith. Ón 1 Meán Fómhair, 2003, tháinig Rialachán Bhaile Átha Cliath II i gcomharbas ar Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath mar ionstraim dhlíthiúil a chlúdaíonn na hábhair seo agus bhí ar ORAC socruithe a chur i bhfeidhm chun an córas nua a chur i ngníomh.

Chomh maith le seo, ó mhí Eanáir, 2003, nuair a cuireadh éifeacht reachtúil le EURODAC[1], tarchuirtear gach méarlorg go lárbhunachar sonraí méarloirge i Lucsamburg. Déantar comparáid idir na loirg ar an bpointe agus seoltar an toradh ar ais go leictreonach lastigh de 10-15 nóiméad. D'fheabhsaigh sé seo go mór éifeacht fheidhmithe Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath i dtosach, agus anois Rialachán Bhaile Átha Cliath II.

1 *Féach Gluais.*

Forbairt eile i rith na bliana ar fiú tagairt a dhéanamh di ná cur i bhfeidhm DubliNET, córas cumarsáide leictreonach de chuid an AE a dhéanann sruthlíniú ar tharchur na bhfoirmeacha Rialcháin/Choinbhinsiúin Bhaile Átha Cliath idir na Ballstáit agus a íslíonn an t-am próiseála.

Seirbhís do Chustaiméirí

I 2003, ghlac ORAC le líon beart chun feabhas a chur leis an gclár seirbhíse do chustaiméirí. Rinneadh méadú ar an bpainéal idirchaidrimh seirbhíse do chustaiméirí, cuireadh an chéad suirbhé custaiméara i gcrích, forbraíodh próiseas nua gearáin do chustaiméirí agus seoladh suíomh gréasáin (*www.orac.ie*) a chuireann pointe teagmhála nua ar fáil trínar féidir eolas a sholáthar don phobal agus d'eagraíochtaí eile mar aon le háisíneacht aiseolais don Oifig.

Comhpháirtíocht

Chuir ORAC tús le próiseas comhpháirtíochta a thabhairt isteach i 2003 chun tacú leis an gclár nuachóirithe maidir le Dul Chun Cinn. I ndáil leis seo agus chun forbairt phróiseas comhpháirtíochta inbhuanaithe agus cuimsitheach a chinntiú, cuireadh clár cuimsitheach oiliúna ar fáil don fhoireann.

Tháinig an Coiste Comhpháirtíochta ina bhfuil 12 ball, ceathrar ó gach colún foirne, cumainn agus bainistíochta le chéile go foriomlán don chéad uair i mí Mheáin Fómhair, 2003. D'fhonn a clár oibre a chur ar aghaidh agus an próiseas comhpháirtíochta a leathnú in ORAC, bhunaigh an Coiste dhá Ghrúpa Oibre: Grúpa Oibre Cumarsáide Inmheánach agus Grúpa Oibre Comhionannais.

Forbairt Chorparáideach

Le linn na bliana 2003, rinne ORAC breis forbartha ar a chreatlach pleanála straitéise agus gnó chun soiléireacht chuspóirí na heagraíochta, rólanna aonair agus tomhas ar fheidhmiú na heagraíochta a fheabhsú.

Chun cuidiú le próisis pleanála a fhorbairt agus a threorú, chuir ORAC, le tacaíocht ón Lárionad d'Fhorbairt Bainistíochta agus Eagrúcháin (CMOD) athbhreithniú sonrach den eagraíocht i gcrích. Ba iad téarmaí tagartha an CMOD ná "cabhair a sholáthar do ORAC chun cur ar cumas na hOifig e scrúdú a dhéanamh ar… nósanna imeachta, cleachtais agus struchtúir, ionas go gcuirfí na hacmhainní ar aon líne chun éifeacht agus éifeachtacht a uasmhéadú". Le cur i gcrích an athbhreithnithe i mí Mheáin Fómhair, dréachtaíodh plean i gcomhchomhairle leis an bhfoireann, d'fhonn moltaí an CMOD ina bhfuil próiseas athbhreithnithe a chur i ngníomh, agus bhí a raon le feiceáil i bpleananna gnó don bhliain 2004.

Lean próiseas pleanála gnó ORAC ag forbairt leis thar na blianta is déanaí. Is é príomhfhócas na bpleananna gnó ná an caighdeán is airde ar féidir a bhaint amach i ngach réimse den eagraíocht, laistigh de na hacmhainní atá againn. Cuireadh bainistíocht phriacail san áireamh sa phróiseas pleanála gnó don chéad uair ag deireadh na bliana 2003. Beidh páirt thábhachtach ag bainistíocht phriacail i bpleanáil straitéise ORAC agus tá súil go gcinnteoidh sí feabhsuithe inbhuanaithe sa slí ina ndéanaimid gnó agus a sholáthraimid seirbhísí.

Cuireadh feabhas lenár gcreatlaí pleanála gnó agus straitéise nuair a tugadh an Plean Corparáideach 5-bliana (2004-2008) chun críche i 2003 mar aon le Ráiteas Straitéise 3-bliana (2004-2006). Dearadh an Plean ionas gur féidir le ORAC cinntí d'ard-chaighdeán maidir le stádas dídeanaí a sholáthar trí eagraíocht atá ceangailte do fheabhsú leanúnach agus ina mbíonn meas ar dhaoine. Déanfar é a léiriú go mion agus a chur i ngníomh i straitéisí agus i bpleananna gnó agus beidh athbhreithniú á dhéanamh ar an dul chun cinn i dtuarascálacha bliantúla.

3

Tús an Phróisis Iarratais

Fáiltiú

Cuirtear tús le gnó lárnach na hOifige nuair a thagann duine isteach sa Stát ag iarraidh aitheantas mar dhídeanaí de réir Acht na nDídeanaithe, 1996.

Tá an tAonad Fáilte freagrach as glacadh le gach iarratas agus agallamh thosaigh a dhéanamh de bhun alt 8 d'Acht na nDídeanaithe, 1996. I 2003, ní raibh mórán éagsúil ón bhliain roimhe sin i bpátrún na n-iarratasóir a bhí ag lorg tearmainn sa mhéid is go ndearnadh tromlach na n-iarratas ar thearmann san Oifig seo (85%) agus ní ag port iontrála (13%). Ba iad an chéad trí thír iarrthóra i 2003 ná an Nigéir, an Rómáin agus Poblacht Dhaonlathach an Chongó. (Ba iad an trí thír ba mhó iarrthóra i 2002 ná an Nigéir, an Rómáin agus an Mholdáiv).

Nuair a fhaightear iarratas ar dhearbhú ar stádas dídeanaí caithfear líon próiseas ar leith a chomhlíonadh. Áirítear ina measc:

- an iarratasóir a chur faoi agallamh;
- a m(h)éarloirg a thógáil;
- grianghraf a thógáil;
- Deimhniú Cónaithe Sealadach a thabhairt dó nó di; agus
- an fhaisnéis cuí a sholáthar dó nó di faoi rialú an phróisis tearmainn in Éirinn.

Is í feidhm an chéad agallaimh, arna seoladh le cuidiú ateangaire, más riachtanach, ná céannacht agus tír bhunaidh an iarratasóra a shocrú, mar aon le modh iompair agus an bealach ar ar thaisteal sé nó sí, an chúis teacht go hÉirinn, bunús dlíthiúil do theacht isteach sa Stát agus sonraí bainteacha eile. Ós rud é go dtagann an chuid is mó de na hiarratasóirí isteach gan doiciméid leo ní féidir na mionsonraí a thugtar a chinntiú i gcónaí. Tugtar deis do gach iarratasóir an t-eolas ar fad a thugann sé nó sí le linn a (h)agallamh a léamh chun a chruinneas a chinntiú. Chomh maith le cóip den taifead le nótaí an chéad agallaimh, tugtar na doiciméid seo a leanas don iarratasóir: bileog eolais (i dteanga atá sothuigthe do/di más féidir) a thugann míniú ar conas a fheidhmíonn an próiseas tearmainn in Éirinn; ceistneoir le comhlánú mar thacaíocht dá (h)iarratas; foirm athrú seolta; Bileog Chomhairleach faoi Sheirbhísí do Chustaiméirí agus Bileog Eolais ón Seirbhís Dhlíthiúil do Dhídeanaithe.

Cuirtear iarratasóirí ar an eolas chomh maith i ndáil lena gceart dul i gcomhairle le haturnae agus/nó an UNHCR. Tá a oifig féin ag an Seirbhís Dhlíthiúil do Dhídeanaithe (atá neamhspleách ar an Oifig seo) agus atá suite sa limistéar Fáilte. Cuirtear soláthar cóiríochta (ar bhonn lánchothú) ar fáil do iarratasóirí sa Ghníomhaireacht um Fháiltiú agus Lánpháirtiú (RIA), ag a bhfuil oifig freisin sa limistéar Fáilte.

Tógáil Méarloirg

Arna fhoráil ag alt 9(A) d'Acht na nDídeanaithe, 1996, tá tógáil méarloirg iarratasóirí ar thearmann atá ós cionn 14 bliain ag oifigeach údaraithe den Oifig seo nó ag Oifigeach Inimirce. Arna fhoráil ag leasuithe 2003 d'Acht na nDídeanaithe tá tógáil méarloirg iarratasóirí ar thearmann faoi 14 bliain d'aois. (Ag deireadh na bliana 2003 níor tugadh aon ordú aireachta fós chun na cumhachtaí seo a chur ibhfeidhm.) Is í an chúis atá le méarloirg a thógáil ná ionas go dtabharfar iarratais dúbailte atá déanta sa Stát faoi deara, agus an cinneadh a éascú maidir le cén tír de réir Choinbhinsiún nó Rialachán Bhaile Átha Cliath[2] atá freagrach as iarratas ar thearmann a imscrúdú. Cuirtear in iúl ó bhéal agus i scríbhinn do gach iarratasóir le linn dó nó di iarratas a dhéanamh ar thearmann go mbeidh air nó uirthi méarloirg a thabhairt.

Sa tréimhse ó mhí na Samhna, 2000, go dtí an 31 Nollaig, 2003, tógadh méarloirg 31295 iarratasóir. Sa tréimhse sin, tugadh 50 iarratas dúbailte le 5 chleithiúnaí faoi deara.

EURODAC

Tháinig éifeacht reachtúil le EURODAC ar an 15 Eanáir, 2003. Ón dáta sin ar aghaidh, tarchuirtear gach méarlorg ar bhonn laethúil go bunachar sonraí méarloirge i Lucsamburg. Déantar comparáid idir na loirg ar an bpointe agus seoltar an toradh ar ais go leictreonach lastigh de 10-15 nóiméad.

2 *Féach Caibidil 4.*

Ní fheidhmíonn an córas EURODAC ach ar mhéarloirg a tógadh ó bunaíodh é (sin lé rá nach n-iontráiltear go siarghabhálach méarloirg a tógadh roimhe sin). Ó cuireadh i bhfeidhm é ar an 31 Nollaig, 2003, tá 6197 méarlorg tarchurtha ag Éirinn chuig an Láraonad Próiseála i Lucsamburg.

As an iomlán sin, tá taifead déanta ar 157 iarratasóir a rinne iarratas ar stádas dídeanaí i dtíortha eile. Is iad an cheithre thír as a ndearnadh an méid is mó iarratas ar thearmann roimhe seo ná: An Ríocht Aontaithe (95 iarratasóir), An Fhrainc (15 iarratasóir), An Ghearmáin (10 iarratasóir) agus an Ísiltír (9 iarratasóir).

An Méid Gnó

Ba 7900 líon na n-iarratas a taisceadh i rith na bliana 2003 agus, cé go bhfuil seo measartha ard in aghaidh an duine i dtéarmaí an Iarthair, ba ísliú suntasach a bhí ann dá ainneoin sin i gcomparáid leis na trí bliana roimhe (féach Aguisín 2).

Bhí timpeall 15214 duine breise a chuaigh i dteagmháil leis an Aonad Fáilte, sin méadú tuairim is 50% ar fhigúirí 2002. Is féidir an méadú seo a chur síos don mhéadú sa líon Deimhniú Cónaithe Sealadach a atheisíodh. Chomh maith le hiarratais nua a phróiseáil, pléann an tAonad Fáilte le réimse leathan fiosrúcháin ó lucht iarrtha tearmainn, mar:

- iarratais ar Dheimhniú Cónaithe Sealadach a athnuachan nó a athsholáthar;
- iarratais ar dhearbhú ar stádas dídeanaí a tharraingt siar;
- fiafraithe maidir leis an gceart oibre mar iarratasóir tearmainn;
- athrú seolta a fhógairt;
- fiafraithe maidir le hinimirce;
- fiafraithe maidir le cónaitheacht;
- athdhúichiú toilteanach a fhógairt;
- iarratasóirí ag iarraidh doiciméid a fháil ar ais;
- iarratasóirí ag taisceadh páipéir maidir lena gcás tearmainn;
- fiafraithe maidir leis an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe;
- fiafraithe don Ghníomhaireacht um Fháiltiú agus Lánpháirtiú;
- tuismitheoir nó caomhnóir le leanaí a tháinig i dtír sa Stát;
- athaontú teaghlaigh agus fiafraithe lena mbaineann;
- feidhmiú an phróisis tearmainn agus fiafraithe lena mbaineann.

Iarratais ar Thearmann a Tharraingt Siar

Tharraing iomlán 1243 iarratasóir a n-iarratas ar thearmann siar i rith na bliana 2003, i gcomparáid le 6064 a tarraingíodh siar i 2002. Tugadh cúiseanna éagsúla maidir le hiarratais ar thearmann a tharraingt siar, ó iarratasóirí a bhí ag brath ar iarratais ar chónaitheacht ar an mbonn gur tuismitheoirí linbh a rugadh in Éirinn iad go dtí athdhúichiú toilteanach agus/nó pósadh le hÉireannaigh nó náisiúnaigh de chuid an AE. Cuirtear síos an ísliú seo den chuid is mó do chinneadh na hArd-Chúirte a deireann nach bhfuil an ceart ag tuismitheoirí linbh a rugadh in Éirinn cónaí sa Stát ar an mbonn seo.

Athiarratais ar Thearmann

Bhí 417 athiarratas ar thearmann i rith na bliana. Rinneadh an chuid is mó dóibh seo (359) a tharraingt siar roimhe sin nuair a cuireadh isteach iarratas ar chead fanacht sa Stát ar an mbonn gur tuismitheoir linbh arna rugadh in Éirinn an t-iarratasóir.

Cásanna a Mheastar a bheith Tarraingthe Siar

Thug na leasuithe ar Acht na nDídeanaithe i 2003 an deis iarratais de chuid iarratasóirí nach raibh ag comhoibriú leis an bpróiseas tearmainn a chur i gcrích i slí níos éifeachtaí.[3] Meastar iomlán 1666 cás a bheith tarraingthe siar i rith na bliana 2003 de thoradh nach raibh an t-iarratasóir ag comhoibriú leis an bpróiseas tearmainn, i.e. de dheasca nár cuireadh seoladh ar fáil don Choimisinéir nó nár cuireadh ceistneoir ar ais.

3 *Féach Caibidil 5.*

4

Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath agus Rialachán Bhaile Átha Cliath II

Ar an 1 Meán Fómhair, 2003, tháinig Rialachán Bhaile Átha Cliath II[4] i gcomharbas ar Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath[5] mar ionstraim ag foráil bonn dlíthiúil don chinneadh maidir le cén Ballstát de chuid an AE atá freagrach as iarratas ar thearmann a imscrúdú. Tá gach Ballstát móide an Iorua agus an Íoslainn faoi réir an Rialacháin nua, ach amháin an Danmhairg (tá Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath fós i bhfeidhm idir an Danmhairg agus na Ballstáit eile).

Le linn na bliana 2003, bhí baint mhór ag Aonad Átha Cliath d'ORAC le cur i ngníomh an Rialacháin nua, agus feadh an ama ag plé le cásanna arna gclúdach ag an gCoinbhinsiún.

Conas a fheidhmíonn Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath agus Rialachán Bhaile Átha Cliath II

Cé go bhfuil difríocht i mórán bealaí tábhachtacha sa slí ina gcuirtear an Coinbhinsiún agus an Rialachán i bhfeidhm, níl aon athrú déanta ar an mbunchuspóir. Leagann siad síos araon slat tomhais faoi mar a mheastar cén Ballstát atá freagrach as iarratas ar thearmann a scrúdú. Gealltar do iarratasóirí go bpléifidh Stát amháin lena n-iarratas, sa slí is nach gcruthófar staid ina mbeidh 'dídeanaithe ag dul thart i gciorcail', rud a bhí ag tarlú san Eoraip roimh thabhairt isteach Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath.

Faoi Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath agus anois faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II, is féidir le ORAC, de réir na gcritéar iomchuí, iarraidh ar Stát eile freagracht a ghlacadh ar féin as iarratas ar thearmann agus é a phróiseáil sa Stát sin. Ar an gcaoi chéanna, iarrann Stáit eile ar ORAC iarratasóirí tearmann faoi leith a aistriú anseo.

Is é an critéar a rialaíonn cén Ballstát atá freagrach as iarratas ná, mar shampla, víosa nó ceadúnas oibre a bheith eisithe ag Ballstát eile don iarratasóir, nó a ndeachaigh an iarratasóir i dtír go neamhrialta i mBallstát amháin roimh iarratas ar thearmann a chur isteach áit eile san AE nó más rud é gur chuir iarratasóir iarratas ar thearmann isteach cheana féin i mBallstát eile.

Chomh luath agus a thaisctear éileamh ar thearmann, tá trí mhí ag Éire ón dáta a rinneadh an iarratas faoi Rialachán Bhaile Atha Cliath (i gcomparáid le sé mhí faoi Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath), iarraidh ar thír eile freagracht a ghlacadh as an iarratas lena mbaineann. Faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II, tá dualgas ar na Ballstáit freagra a thabhairt ar na hiarratais seo lastigh de dhá mhí nó mí amháin de réir imthosca an cháis (trí mhí faoin gCoinbhinsiún). Tá forálacha sa Choinbhinsiún agus sa Rialachán araon maidir le freagraí práinneacha i gcásanna, mar shampla, nuair a choinnítear an t-iarratasóir i gcoimeád.

Is féidir le ORAC fiosrúcháin a chur ag stáit eile maidir le bailíocht na gcritéar iomchuí i ndáil le hiarratasóir áirithe, ach sa chás go bhfuil fianaise leordhóthanach ar fáil do ORAC cheana féin, mar shampla fianaise mhéarloirge (féach an alt maidir le EURODAC thíos), féadfar iarratas a eisiúint ar an bpointe don stát lena mbaineann. I dteannta seo, faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II, sa chás is go mbunaítear iarratas do Bhallstát eile ar fhianaise mhéarloirge EURODAC, is í an tréimhse ama ina gcaithfear freagra a fháil ar ais ná 14 lá.

4 *Rialachán Bhaile Átha Cliath II – Rialachán na Comhairle (CE) 343 de 2003.*

5 *An Coinbhinsiún ag cinneadh an stát atá freagrach as iarratais ar thearmann a thaisctear i mBallstát de chuid na gComhphobal Eorpach a scrúdú (Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath) – arna ainmniú amhlaidh dá bhrí is gur síníodh é i mBaile Átha Cliath i 1990 le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE..*

Sa chás is go nglacann tír eile le freagracht as duine a rinne iarratas ar thearmann in Éirinn, eisíonn ORAC cinneadh a seoltar ag an iarratasóir ar an bpost cláraithe a thugann sainmhíniú ar an gcinneadh sin agus ar an dtír ina mbeidh sé nó sí le haistriú ann.

Achomhairc

Tá socruithe difriúla i gCoinbhinsiún Bhaile Átha Cliath agus i Rialachán Bhaile Átha Cliath II maidir le hachomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh den saghas sin. Faoin gCoinbhinsiún, tá chúig lá oibre ag an iarratasóir chun achomharc a dhéanamh in aghaidh an gcinneadh agus is í éifeacht an achomhairc sin ná an t-aistriú a chur ar fionraí, cé go dtugann Rialachán Bhaile Átha Cliath II 15 lá oibre ó tráth na cinnithe ach nach gcuirtear aon rud ar fionraí. Ciallaíonn seo gur féidir leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí socruithe a dhéanamh maidir le haistriú an iarratasóra chuig an tír lena mbaineann sula n-éisteofar leis an achomharc úd.

Déanann an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe na hachomhairc a mheas faoi réir an Choinbhinsiúin agus an Rialacháin araon. Má éiríonn go rathúil le hachomharc, tugtar cead don iarratasóir dul isteach sa phróiseas ábhartha tearmainn in Éirinn d'fhonn cinneadh faoina (h)iarratas. Más rud é gur aistríodh an t-iarratasóir cheana féin go Ballstát eile faoi Rialachán Bhaile Áth Cliath II agus go n-éiríonn lena (h)achomhairc, déanfar socruithe láithreach chun é nó í a thabhairt ar ais.

EURODAC

Mar a sainmhínítear i gCaibidil 3, ón 15 Eanáir 2003 i leith, déantar méarloirg gach iarratasóir tearmainn nua laistigh den AE (ach amháin an Danmhairg) mar aon leis an Iorua agus an Íoslainn a iontráil sa bhunachar sonraí EURODAC. Éascaíonn an fhianaise seo go mór le feidhmiú shocruithe Bhaile Átha Cliath agus íslítear líon na bhfiosrúchán a chaithfidh ORAC a chur ag Ballstáit eile.

DubliNET

Cuireadh feabhas freisin le héifeachtacht shocruithe Bhaile Átha Cliath nuair a tugadh isteach córas cumarsáide leictreonach sábháilte idir na Ballstáit – DubliNET. Bhí an córas seo arna fhoráil ag Rialachán Bhaile Átha Cliath II agus tháinig i bhfeidhm i mí Mheáin Fómhair 2003. Roimh seo a thabhairt isteach, bhí ar na Ballstáit cumarsáid a dhéanamh (ina raibh go minic cóipeanna de phasanna agus de dhoiciméid eile) trí fhacs nó tríd an bpost cláraithe.

Aonad Átha Cliath – Oiliúint agus Forbairt Foirne

Ar feadh na bliana dhírigh oiliúint agus forbairt foirne san Aonad ar phróiseáil cásanna casta de chuid Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath agus ar nósanna imeachta a bhunú a cuirfí i bhfeidhm chun Rialachán Bhaile Átha Cliath II a fhorfheidhmiú agus an córas DubliNET a chur ag obair in Éirinn.

Ar iarraidh ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, rinne an tAonad tíolacadh ar Rialachán Bhaile Átha Cliath II do Rannóg Inimirce na Roinne agus do Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce.

Forbairt Chaidrimh le Oifigí eile de chuid Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath

Tá dlúthcheangal idir Aonad Átha Cliath agus Ballstáit eile, agus déantar an idirchaidreamh a fhorbairt, ag leibhéal déthaobhach agus trí chomhpháirtíocht i bhfóraim de chuid an AE a phléann cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin agus an Rialacháin. Ós rud é gur leis an Ríocht Aontaithe a dhéantar an chuid is mó den ghnó, bhuail baill foirne ó Aonad Átha Cliath le hionadaithe ó Aonad na dTíortha Treasacha sa Ríocht Aontaithe. Dhírigh na cainteanna ar shaincheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath. Chabhraigh an cruinniú le comhthuiscint ar fheidhmiú an Choinbhinsiúin a spreagadh agus tá súil go bpléifear saincheisteanna a bhaineann le feidhmiú an Rialacháin nua ag cruinnithe dá leithéid sa todhchaí.

Athbhreithniú Breithiúnach

Sa bhliain 2003 cuireadh tús le 13 athbhreithniú breithiúnach in aghaidh cinneadh chun iarratas a aistriú faoi Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath chomh maith le 11 cás fós gan réiteach ag tús na bliana. As na 24 cás seo, thángthas ar réiteach le linn na bliana ar 5 acu, ag fágáil 19 cás gan réiteach ag dul isteach sa bhliain 2004. (féach Caibidil 5 do mhionsonraí maidir le hathbreithniú breithiúnach in ábhair nach mbaineann le Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath.)

Bhain an t-abhreithniú breithúnach seo, den chuid is mó, le hagóidí i leith Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath agus le hOrdú (Feidhmiúchán) 2000 de Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath chomh maith leis na cleachtais agus nósanna imeachta a cuirtear i bhfeidhm ag ORAC agus an Coinbhinsiún á chur i ngníomh. Faoi dheireadh na bliana 2003 ní raibh an Rialachán nua fós ina ábhar d'aon athbhreithniú breithiúnach.

Bhí impleachtaí ag toradh cháis amháin ach go háirithe ar chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin agus ar aon athbhreithniú breithiúnach fós gan réiteach ag deireadh na bliana. I mí na Nollag, 2003, sa chás Ymedji v an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Coimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe agus an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, bhí an tArd-Chúirt den tuairim nach raibh Airteagal 10(1)(e) de Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath arna chuimsiú ag dlí na hÉireann. Pléann Airteagal 10(1)(e) le hiarratais chuig tír eile de chuid Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath i ndáil le glacadh ar ais le heachtrannach a bhfuil diúltaithe lena (h)iarratas agus atá go neamhdhleathach i mBallstát eile. Mar thoradh ar sin, tá athghlactha ag ORAC leis an iarratasóir sa phróiseas ábhartha tearmainn agus tá tús curtha le cleachtas chun cásanna athbhreithnithe eile atá idir lámha a scrúdú chun a chinntiú ar chóir iad a réiteach ar bhonn bhreithúnais Ymedji.

Staitisticí

Tá staitisticí a bhaineann le cur i bhfeidhm Choinbhinsiún agus Rialachán Bhaile Átha Cliath leagtha síos in Aguisín 3.

5

Imscrúdú na n-Iarratas

Cúlra agus Struchtúr na n-Aonad Cás-Phróiseála

Is í feidhm lárnach na hOifige seo ná iarratais a phróiseáil agus leagtar síos na ceanglais reachtúla in Acht na nDídeanaithe, 1996[6].

Le gach iarratas a phróiseáltar caithfear agallamh aonair don iarratasóir a sceideal, taighde oibiachtúil a dhéanamh ar na héilimh atá déanta agus moladh a chur ós comhair an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar chóir iarratas a cheadú nó a dhiúltú.

Chun bainistíocht a dhéanamh ar na páirteanna éagsúla sa phróiseas cinnteoireachta agus chun seirbhís tacaíochta riachtanach a chur ar fáil do na cásoibrithe, tá líon aonad faoi leith a dhéanann suas an Cás-Phróiseáil:

- An tAonad Sceidealadh
- Aonaid Cás-Phróiseála
- Aonad Faisnéise faoina Tíortha Bunaidh (COI)/Tacaíochta Cinnteoireachta faoi Stádas Dídeanaí (RSD)
- Aonad Beartais agus Nóis Imeachta
- An tAonad Athbhreithniú Breithiúnach

Sceidealadh na n-Agallamh

Arna eagrú ag an Aonad Sceidealadh bíonn agallaimh a sceideal do iarratasóirí tearmann ó tuairim is 130 tír chomh maith le freastal ateangaire, má tá iarrtha ag an iarratasóir, agus más gá, aistriúchán na bhfoirmeacha/na gceistneoir iarratais.

Is féidir leis a bheith an-casta agallaimh ar mhórchóir dá leithéid a eagrú. Caithfear an t-iarratasóir a chur in oiriúint le dáta agus le am, mar aon le seomra agallaimh, ateangaire agus cásoibrí ag a bhfuil cur amach ar an dtír bhunaidh. Chun agallamh a eagrú do mhionaoiseach gan tionlacan, d'fhéadfadh infhaighteacht oibrithe shóisialta agus ionadaithe dlíthiúla a bheith ina cheist chomh maith. Tugtar aire freisin don achar a chaitheann iarratasóir taisteal roimh a shocraítear am an agallaimh.

I 2003, d'eagraigh an tAonad 9138 agallamh tearmainn. De réir na treoracha tosaíochta a eisigh an t-Aire, ag a bhfuil éifeacht reachtúil ó 15 Meán Fómhair agus ó 15 Nollaig, 2003, pléitear anois le hiarratasóirí áirthe roimh iarratasóirí eile. Déantar agallaimh a sceideal ar chásanna den saghas sin ceithre sheachtain oibre ón dáta an t-iarratas a dhéanamh. Faoi dheireadh na bliana bhí breis is 40% d'iarratasóirí sceidealta sa slí seo. Cuirtear dáta agallaimh in iúl de ghnáth do iarratasóirí eile (nach bhfuil faoi choimirce ag treoir tosaíochta Aireachta) 6 mhí ón tráth dóibh iarratas a dhéanamh agus cé is moite de roinnt iarratasóirí ón Iaráic[7] níl aon iarratasóir ó 2002 nó dá luaithe ná fuair cuireadh chun agallaimh.

Mar a bhí i 2002 agus sna blianta roimhe sin, tá toradh fo-úsáide acmhainne agallaimh fós ann de bharr líon na n-iarratasóir nach ndearna freastal ar agallamh. Tháinig ísliú áfach ar ráta an neamh-láithreachais i rith na bliana (chuaigh 69% d'agallaimh sceidealta ar aghaidh i mí na Nollag i gcomparáid le 40% i mí Eanáir). Is cosúil go raibh an t-ardú sa ráta rannpháirtíochta seo ó thaobh iarratasóirí de i gcomhréir le hísliú i líon na n-daoine sa phróiseas tearmainn ag tarraingt a n-iarratas siar. In ainneoin an fheabhais seo sa líon a d'fhreastal, leanfaidh an fócas i 2004 ar éifeachtacht níos fearr den acmhainn agallaimh a bhaint amach.

Cás-Phróiseáil

Chomh luath agus a dhéantar agallamh a sceideal, cuirtear an cás faoi bhráid cheann de na haonaid cás-phróiseála, gach ceann acu ag plé le réimse faoi leith de thíortha iarrthóra. Is í feidhm na n-aonad ná imscrúdú a dhéanamh ar an iarratas go cothrom agus go héifeachtach mar aon le moladh i ndáil leis an iarratas a chur ós comhair an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí de réir Acht na nDídeanaithe, 1996, agus á dhéanamh sin aire a thabhairt d'fhaisnéis na tíre bunaidh cuí.

6 *Ailt 11, 12 agus 13.*

7 *Cuireadh próiseáil iarratas ó náisiúnaigh Iarácacha ar fionraí don chuid is mó de 2003 dá éis forbairtí a tháinig chun solais sa tír sin agus faoi réir chomhairle an UNHCR. Cuireadh tús arís leis an bpróiseáil i mí an Mhárta, 2004.*

Le linn 2003, de dheasca na leasuithe ar Acht na nDídeanaithe, níorbh fholáir dúinn nósanna imeachta na hOifige a chur in oiriúint chun a chinntiú go ndéanfaí próiseáil ar iarratais de réir na ceanglais nua reachtaíochta (féach Aguisín 5 do achoimre ar na forálacha nua). Bhí tionchar ag cuid de na leasuithe seo ar chásobair phróiseála. Ba iad na ceannródaithe ina measc ná an chumhacht a tugadh don Aire (1) tíortha bunaidh áirithe – tíortha ina meastar de ghnáth nach dtagann saincheisteanna cosanta i réim – a ainmniú mar thíortha sábháilte, agus (2) treoracha tosaíochta a eisiúint. Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun déileáil go tapaidh le hiarratasóirí tearmann ó na tíortha lena mbaineann. I measc na nósanna imeachta seo bhí bunú aonaid nua ar a bhfuil an dualgas iarratais ó thíortha bunaidh sábháilte a phróiseáil chomh maith le socruithe agallaimh d'iarratasóirí atá faoi choimirce ag treoir tosaíochta a chur i ngníomh lastigh de 4 sheachtain ón iarratas a dhéanamh agus iad a chur ar an eolas maidir le moladh an Choimisinéara lasitigh de 1-2 sheachtain ó shin i leith.

An t-Imscrúdú

Mar chuid den phróiseas ábhartha, cuirtear iarratasóirí ar thearmann faoi agallamh de réir an nóis imeachta reachtúil atá d'fhoráil ag an Acht. Seoltar na hagallaimh ag oifigigh údaraithe, atá oilte chun na críche sin, agus eagraítear iad i láthair na huaire i seomraí agallaimh a tógadh go speisialta i dTeach Timberlay, Sr. an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath.

Tugtar mioncheistneoir le comhlánú do gach iarratasóir chun faisnéis a bhailiú ar éileamh cosanta an iarratasóra agus chun cuidiú leis na h-oifigigh údaraithe ullmhúchán a dhéanamh don agallamh. Is í feidhm lárnach an cheistneora seo ná faisnéis thábhachtach a bhailiú maidir le héileamh ar thearmann agus tugann sé deis freisin do na h-iarratasóirí an méid mionsonraí agus is féidir leo a sholáthar roimh an agallamh. Rinneadh athbhreithniú ar leagan amach agus ábhar an cheistneora i rith na bliana 2003.

Aistrítear an ceistneoir comhlíonta, más gá é, go Béarla, agus déantar taighde ar na ceisteanna a shonraítear ann roimh an agallamh. Seoltar an t-agallamh le cuidiú ateangaire más gá, agus is féidir leis an iarratasóir tionlacan aturnae a iarraidh. Bíonn úsáid aistritheora/ateangaire riachtanach do 52% d'iarratasóirí. Is é cleachtas na hOifige, agallóir den inscne céanna leis an t-iarratasóir a ainmniú, más féidir, nuair a bhíonn saincheisteanna sonracha inscní ina pháirt lárnach den iarratas.

Tá agallóirí oilte chun agallaimh dhírithe a sheoladh ag tabhairt deis don iarratasóir míniú fhoriomlán a thabhairt ar an bhfáth go bhfuil eagla air nó uirthi filleadh ar a t(h)ír bunaidh. Mar chuid den phróiseas imscrúdaithe, déanfaidh an t-agallóir taighde ar fhaisnéis oibiachtúil faoin dtír bhunaidh (COI) a chuirfidh eolas ar fáil d'anailís an iarratais. Tá taighde COI riachtanach ionas go ndéantar taighde ar an staid cearta polaitiúla agus daonna i dtír bhunaidh an iarratasóra. I rith an agallaimh – ar féidir suas le cúpla uair a thógáil – déantar gach iarracht an méid faisnéis is féidir a fháil maidir leis an éileamh agus tugtar gach deis don iarratasóir a c(h)ás a chur. Is próiseas idirghníomhach é an t-agallamh go smior agus tugtar gach cabhair don iarratasóir a (h)eagla roimh ghéarleanúint a mhíniú.

Bíonn easpa fianaise doiciméideach ag tromlach na n-iarratasóirí chun tacú lena n-éileamh, ach níl i gceist dar ndóigh, nach bhfuil bunús lena n-éileamh. De réir threoirlínte an UNHCR tugtar sochar an amhrais don iarratasóir, ós rud é go ndearna sé nó sí fíor-iarracht chun bunús a chur lena (h)éileamh agus go bhfuarthas agus gur deimhníodh gach fianaise ar féidir nó gur thug an t-iarratasóir míniú fhoriomlán ar an easpa fianaise. Tugtar an deis don iarratasóir freisin, más gá, aon neamhréir fhollasach ina ráiteas a shoiléiriú.

Coimeádtar miontaifid i scríbhinn ar na príomhcheisteanna luaite ag an agallamh agus is iad seo bunús na tuarascála alt 11 arna fhoráil faoi Acht na nDídeanaithe, 1996. Tugtar cóip don iarratasóir ag deireadh an phróisis más é moladh an Choimisinéara stádas dídeanaí a dhiúltú.

I rith an agallaimh, tugtar deis do na hiarratasóirí athbhreithniú a dhéanamh ar an méid a taifeadadh agus iarrtar orthu gach leathanach de nótaí an agallaimh a shíniú mar chinntiú go n-aontaíonn siad le cruinneas an chuntais taifeadta.

Mar thoradh ar na leasuithe d'Acht na nDídeanaithe, cuireadh athruithe sa phróiseas imscrúdaithe i ngníomh ó mhí Mheáin Fómhair, 2003. Más rud é gur náisiúnach de, nó go bhfuil cead cónaitheachta ag an iarratasóir i dtír a ainmníodh mar thír shábháilte, nó más rud é go ndearna an t-iarratasóir iarratas roimhe sin i stát eile, ní mheastar gur dídeanaí é nó í as seo amach munar féidir leis nó léi cúis réasúnach a thaispeáint maíomh dá leithéid a fhrisnéis. Tá arna fhoráil ag na forálacha nua freisin gur chóir don Choimisinéir, agus réamh-mheas á dhéanamh ar chreidiúnacht iarratasóra, aire a thabhairt do liosta fachtóirí sonracha.

Baineann athrú eile le huiríll, ar chóir a chur isteach anois roimh nó le linn an agallaimh, cé gur fhoráil an tAcht roimhe sin go bhféadfadh iarratasóir nó a (h)aturnae uiríll i scríbhinn a chur ag an gCoimisinéir sna seacht lá oibre ó thráth an agallaimh.

Athrú tábhachtach eile don Acht ná más rud é go mainneoidh iarratasóir freastal ar agallamh gan cúis réasúnach a chur isteach don neamh-láithreachas, meastar an t-iarratas a bheith tarraingthe siar, déantar imscrúdú an iarratais a chur ar ceal agus seoltar moladh chuig an Aire gur chóir dearbhú ar stádas dídeanaí a dhiúltú dó nó di. Roimhe seo, ní mholfaí diúltú ach tar éis an dara neamh-láithreachas gan chúis réasúnach.

Tuarascálacha

Tar éis an agallaimh, tá ceanglas reachtúil maidir le tuairisc a chríochnú do gach cás. Tá an t-ábhar atá ag teastáil leagtha síos san Acht agus rinneadh léirmhíniú air san Ard-Chúirt trí sraith imeachtaí athbhreithnithe. Tá an tuarascáil, ar a ngairtear tuarascáil alt 13, i ngeall ar an saghas tuarascála atá ann, an-chuimsitheach ar fad. Déantar anailís ann ar na lárphointí a bhaineann leis an gcás agus déantar í a comhlíonadh i gcomhcheangal le taighde ar fhaisnéis iomchuí faoin dtír bhunaidh agus an critéar chun aitheantas mar dhídeanaí a bhaint amach mar atá leagtha síos in Acht na nDídeanaithe, 1996. Cuimsítear ann freisin moltaí maidir le ar chóir stádas dídeanaí a cheadú nó a dhiúltú.

Déanann tuarascáil alt 13 comparáid idir chuntas an iarratasóra agus faisnéis oibiachtúil, atá suas chun dáta, ar thír nó ar áit dhúchais an iarratasóra, imscrúdaítear na pointí tábhachtacha d'éileamh an iarratasóra agus déantar réamh-mheas ar chreidiúnacht a c(h)untais. Áirítear i measc na bhfoinsí faisnéise a úsáidtear, tuairiscí ón UNHCR, Amnesty International, Oifig Ghnóthaí Baile na Ríochta Aontaithe, Roinn Stáit SAM, nuacht idirlíne agus tuairiscí nuachta cartlainne, suímh gréasáin údaráis tearmann idirnáisiúnta chomh maith le heolas geografach.

Tá na critéir faoina meastar bunús an éilimh leagtha síos in Acht na nDídeanaithe, agus fréamhaithe i gCoinbhinsiún 1951. Baineann siad le cinntiú faoi mar atá eagla ar an iarratasóir a bhfuil údar leis roimh ghéarleanúint, go bhfuil cúis Choinbhinsiúin ann, nach bhfuil an t-iarratasóir ábalta nó toilteanach filleadh ar a t(h)ír dhúchais, cén rogha cosanta inmheánach (más eol) a bheadh ar fáil lastigh dá t(h)ír féin, mar aon le saincheisteanna creidiúnachta. Faoin Acht agus faoin gCoinbhinsiún, caithfear go mbeidh ceangal idir an eagla a bhfuil údar mhaith leis agus bunús de chuid an Choinbhsiúin (cine, reiligiún, náisiúntacht, dearcadh polaitiúil nó ballraíocht de ghrúpa shóisialta faoi leith) agus caithfear a mheas freisin muna bhfuil aon chlásal eisiata lena mbaineann. Agus tuairiscí arna fhoirmliú, déantar tagairt nuair is cuí, do chás-dlí tearmainn intíre agus idirnáisiúnta. Is í bunchuspóir an phróisis ná go ndéanfaidh na hoifigigh údaraithe moltaí cothromacha, réasúnacha agus taighdiúla ar gach iarratas.

An Toradh

Cuirtear iarratasóirí in iúl i scríbhinn maidir leis an moladh a tógadh i leith a gcás agus cuirtear cóip den tuairisc chuig an iarratasóir agus a (h)aturnae (más eol)[8].

Más rud é gur cinntíodh go bhfuil cás cruthaithe ag an iarratasóir a cháilíonn é nó í do stádas dídeanaí, soláthróidh an Coimisinéir an tuarascáil don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Más rud é gur cinntíodh nach bhfuil cás cruthaithe ag an iarratasóir chun é nó í a cháiliú do stádas dídeanaí, tugtar comhairle dó nó di ar an gceart achomhairc a chur roimh an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe, de ghnáth lastigh de 15 lá oibre ón lá a seoladh an litir, agus soláthrófar sonraí maidir le conas tabhairt faoi. Arís eile, tugtar comhairle do na h-iarratasóirí go bhfuil sé inmhianaithe úsáid a bhaint as chomhairle dhlíthiúil. Muna ndéantar achomhairc i gcoinne an mholadh lastigh den amfráma cuí cuirfidh an Coimisinéir an tuarascáil ós comhair an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Má mheastar an t-iarratas a bheith tarraingthe siar de bhun fhorálacha nua an Achta agus go gcuirtear an imscrúdú ar ceal, cuimsítear moladh sa tuarascáil nár chóir an t-iarratasóir a dhearbhú mar dhídeanaí. I gcásanna dá leithéid, cuirtear an tuarascáil ar aghaidh ar an bpointe chuig an Aire, mar nach bhfuil aon cheart achomhairc i ndáil le hiarratas a mheastar a bheith tarraingthe siar.

Freisin mar pháirt d'imscrúdú an iarratais, agus a thig ó na leasuithe is déanaí den Acht, caithfear a mheas ar chóir nó nár chóir breithiúnais sonracha áirithe arna leagadh síos in alt 13(6) den Acht a chur i bhfeidhm. Áirítear ina measc:

(a) "nár thaispeáin an t-iarratas aon bhunús nó íos-bhunús don mhaíomh gur dídeanaí atá san iarratasóir;

(b) gur thug an t-iarratasóir ráiteas nó gur sholáthair sé nó sí faisnéis chun tacú leis an iarratas de shaghas bhréagach, chontrártha, mhíthreorach nó neamhiomlán a thugann don tuairim nach bhfuil aon bhunús leis an iarratas;

(c) gur theip ar an iarratasóir, gan údar réasúnach, iarratas a dhéanamh dá luaithe agus a bhí indéanta go réasúnach tar éis teacht i dtír sa Stát;

(d) go raibh iarratas ar thearmann déanta ag an iarratasóir roimhe sin i stát eile de chuid Choinbhinsiún na Ginéive (cibé raibh an t-iarratas sin cinntithe, deonta nó diúltaithe); nó

(e) go bhfuil an t-iarratasóir ina náisiúnach de, nó go bhfuil ceart cónaitheachta aige nó aici i, tír bhunaidh shábháilte i láthair na huaire arna ainmniú ag ordú faoi alt 12(4)".

Sa chás go gcuirtear na breithiúnais seo i bhfeidhm, cuirtear in iúl don iarratasóir i bhfoirm scríbhinn maidir leis an gceart achomhairc a chur chun an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, lastigh de 10 lá oibre ón lá a seoladh an litir, agus soláthraítear sonraí maidir le conas tabhairt faoi. Déantar cinneadh ar achomhairc den saghas seo gan éisteacht ó bhéal.

8 *Alt 13(4)(a) den Acht.*

Cásanna a cuireadh i gCrích agus Am Próiseála do 2003

Bhí líon na moltaí a tógadh i 2003 ábhairín níos ísle ná sin i 2002 ina raibh an líon is airde iarratas a cinntíodh i mbliain amháin. Cuirtear an t-ísliú seo síos don chuid is mó do mhéadú sa líon folúntas ag leibhéal na gcásoibrí nárbh fhéidir a fhritháireamh go foriomlán le gnóthacháin táirgiúlachta. Faoi dheireadh na bliana 2003, áfach, bhí a lán de na folúntais seo á líonadh agus bhí baill foirne nua á oiliúint mar chásoibrithe, rud ag a mbeidh tionchar deimhnitheach ar aschur na bliana 2004.

Cé go raibh titim suntasach sa líon iarratas i rith na bliana 2003 (ó 11634 i 2002 go 7900 i 2003), bhí titim níos suntasaí fós i líon na gcásanna a tarraingíodh siar (ó 6064 i 2002 go 1243 i 2003). Mar thoradh ar seo, tháinig fás i líon na gcásanna a bhí orainn a phróiseáil chun críche, mar aon le héileamh breise ar acmhainn na gcásoibrí. D'ainneoin sin, faoi dheireadh na bliana 2003, tháinig ísliú 10% ar líon iomlán na gcásanna a bhí idir lámha.

Mar a tugadh le fios san alt níos luaithe maidir le Sceidealadh, faoi dheireadh na bliana 2003, bhí breis is 40% de chásanna nua á gcur faoi agallamh cheithre sheachtain oibre ón dáta a cuireadh an t-iarratas isteach agus tugtar na cásanna tosaíochta seo chun críche taobh istigh de sheachtain nó dhó ó thráth an agallaimh. I ndáil le cásanna nach bhfuil tosaíocht tugtha dóibh, déantar agallaimh a sceideal sé mhí dá éis iarratas a dhéanamh agus eisítear cinneadh lastigh de cheithre go sé sheachtain ó thráth an agallaimh.

Cé go bhfuil an t-am próiseála curtha faoi bhrú ag an méadú i líon na gcásanna le próiseáil chun críche, má dhéantar é a thomhas mar mheán de na cásanna le tosaíocht agus gan tosaíocht, feictear gur tháinig feabhas d'ainneoin sin ar amanna próiseála le linn 2003. Chuamar i ngleic cinnte leis an riaráiste cás a bhí ann sna blianta roimhe, agus níl fágtha ach 194 cás fós gan réiteach ag deireadh na bliana a dhátaíonn roimh 2003, cuid dóibh siúd a bhí ina n-iarratasóirí Iarácacha. (féach fonóta 7 maidir le próiseáil na n-iarratas Iarácacha a bheith curtha ar fionraí).

Aonad Faisnéise faoi na Tíortha Bunaidh (COI)/Tacaíochta Cinnteoireachta faoi Stádas Dídeanaí (RSD)

Is í bunchuspóir an Aonaid ná Faisnéis faoi na Tíortha Bunaidh (COI) a sholáthar mar aon le comhairle faoi Chinnteoireacht Stádais Dídeanaí (RSD). Cabhraíonn seo chun cinneadh eolasach ar iarratais a thógáil agus áirítear an fhaisnéis a roinnt agus a scaipeadh.

I rith na bliana 2003, rinne an tAonad comhdhlúthú ar a fheidhm chun faisnéis COI oibiachtúil a sholáthar do chinnteoirí agus do oifigigh tíolactha[9] agus, i gcomhcheangal leis an Lárionad Cáipéise do Dhídeanaithe, fiosrúcháin a phróiseáil a bhaineann le cásanna aonánacha. Chabhraigh an tAonad chun an chéad Chomhchomhairle Idir-Rialtasach ar Thearmann (CIR) a eagrú, ceardlann ildhisiplíneach ar thír bhunaidh amháin a tionóladh i mBaile Átha Cliath i mí Eanáir, 2003. Mar aon le seo, bhí an tAonad comhpháirteach i gcruinnithe agus i gceardlanna eile de chuid an CIR agus EURASIL[10] i rith na bliana. Sa chuid dheireanach de 2003, cuireadh tús le hobair chun creatlach a fhorbairt do Dhearbhú Cáilíochta, le dearcadh cás-phróiseála i dtosach, ach i slí go bhféadfaí í a úsáid mar shamhail do mhór-fheidhmeanna eile lastigh de ORAC.

9 *Féach Caibidil 7.*

10 *Féach Gluais.*

Faisnéis faoi na Tíortha Bunaidh (COI)

Méadaíodh bunachar sonraí an COI, a thugann rochtain don fhoireann uilig ar thuairiscí COI óna gcuid ríomhairí pearsanta, agus tá breis is 2200 cáipéis á stóráil ann anois. Tá Pacáiste Refworld an UNHCR ar fáil anois freisin don fhoireann uilig ar a gcuid ríomhairí. Dá éis roll amach na rochtana deisce ar an idirlíon, tá an tAonad COI/RSD dírithe ar naisc a sholáthar do shuímh, cáipéisí agus soláthróirí nuachta bainteacha ar an idirlíon chomh maith le hinnéacs cuimsitheach agus cairdiúil de shuímh úsáideacha a chur ar fáil.

I 2003, ghlac an tAonad páirt i ngrúpa stiúrtha Lárionad Cáipéise na nDídeanaithe (RDC) atá ag tacú le tabhairt isteach Chóras Eolais Bainistíochta Faisnéise don réimse tearmainn agus inimirce faoi choimirce an RDC. Tá saineolaí idirnáisiúnta ar chórais Tíortha Bunaidh fostaithe ag an ngrúpa stiúrtha mar chomhairleoir chun athbhreithniú a dhéanamh ar an RDC agus moltaí a thabhairt ar fhorbairt an RDC sa todhchaí. Cuirfear críoch leis an athbhreithniú seo go luath i 2004. Idir an dá linn, d'fhoirmligh ORAC fiosrúcháin a cuireadh faoi bhráid an RDC maidir le timpeall 400 cás aonánach. Próiseáltar fiosrúcháin corraitheacha agus práinneacha fós go h-inmheánach san Aonad COI/RSD.

Soláthraíonn an tAonad achomire nuachta ó na príomhthíortha bunaidh go laethúil i bhfoirm ríomhphoist do gach ball den fhoireann a bhíonn ag plé le cás-phróiseáil agus tíolacadh. Chomh maith le foinsí leictreonacha faisnéise COI, tá leabharlann bheag thagartha á rith ag an Aonad freisin.

Comhairle Chinnteoireachta ar Stádas Dídeanaí

Ag teacht ó ainmniú na dtíortha aontacha móide an Rómáin agus an Bhulgáir mar 'thíortha bunaidh sábháilte' faoi fhorálacha an Achta arna leasú, d'ullmhaigh an tAonad COI/RSD dréachtphacáistí eolais ina dtugtar comhairle COI, dlí-eolaíochta agus RSD do ghnáthchásanna a aithnítear ón Rómáin, Poblacht na Seice, an Liotuáin agus an Pholainn (as na tíortha uilig a ainmníodh mar thíortha sábháilte, tháinig an méid is mó éilimh ar thearmann in Éirinn i 2003 ó na ceithre thír seo).

Chuir an tAonad COI/RSD, i gcomhcheangal leis na hAonaid Beartais agus Nóis Imeachta agus Cás-Phróiseála, roinnt comhdháil cáis i láthair i rith na bliana 2003, inar fhéidir leis na cásoibrithe saincheisteanna RSD nó COI a thig ó iarratais áirithe a phlé.

Chomhoibrigh an tAonad freisin leis an Aonad Beartais agus Nóis Imeachta maidir le cursaí oiliúna RSD a fhorbairt do chásoibrithe nua agus cursaí athnuachana RSD do chásoibrithe le taithí agus maidir le hoiliúnóirí a chur ar fáil chun na cursaí seo a reachtáil i 2003. I dteannta sin, chuir an tAonad oiliúint ar fáil i dtaighde faisnéise COI do chásoibrithe agus oifigigh tíolactha.

Ceardlann Ildhisiplíneach ar an Nigéir de chuid an CIR ar Thearmann

Chuir an tAonad Ceardlann Ildhisiplíneach oscailte na Comhchomhairle Idir-Rialtasaí i láthair i mí Eanáir, 2003, i gcomhcheangal le Rannóga Beartas Tearmainn agus Athdhúichiú na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (GNIB). Ón bplé a rinneadh ó chruinniú an CIR i mí an Mheithimh, 2002 i leith, beartaíodh gurbh í an Nigéir an chéad tír a scrúdófaí sa bhfóram seo, agus dhírigh an Ceardlann ar fhaisnéis na tíre bunaidh, cinnteoireacht, filleadh agus ceannaíocht.

I measc iad siúd a d'fhreastal bhí 13 Stát Comhpháirtíochta CIR, ionadaithe ón UNHCR, ón gCoimisiún Eorpach agus ón Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce. Mar ullmhúchán don Cheardlann, bhí ar na toscaireachtaí ceistneoir a chomhlánú faoin méid cásanna Nigéireacha a bhí acu agus chruthaigh an comhmhalartú seo bunús do na cainteanna. De bharr an chur chuige ildhisiplíneach, bhí ullmhúchán agus comheagrúchán fhairsing riachtanach ó fhoireann an ORAC in éineacht lena gcomhleacaithe Éireannacha agus idirnáisiúnta chun Ceardlann rathúil a chinntiú.

Rinne an tAonad Taighde, Rannóg Athdhúichiú na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an GNIB tíolacadh ag an gCeardlann, mar aon le toscaireachtaí na Beilge agus na hEilvéise. Dá éis sin, thug a lán dár gcomhleacaithe idirnáisiúnta cuairt ar ORAC, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus an GNIB chun leanacht leis an díospóireacht agus chun tuilleadh eolais a fháil ar chórais na hÉireann.

Mheas ár gcomhleacaithe idirnáisiúnta ar an iomlán gur ócáid rathúil a bhí ann ó thaobh ábhair agus eagrú de. D'fhág an bua sin bealach oscailte do Cheardlanna Idirdhisiplíneacha CIR ar an Rúis i mí an Mhárta agus ar na Stáit Balcánacha i mí na Samhna a tionóladh sa Ghinéiv. Bhí an tAonad COI/RSD comhpháirteach sa dá cheann.

Fóraim Idirnáisiúnta

Mar aon le ceardlanna ildhisiplíneacha an CIR thuasluaite, ghlac an tAonad COI/RSD páirt i líon fóram idirnáisiúnta; i gcruinniú Ghrúpa Oibre COI CIR; i gcruinnithe EURASIL faoi iarratais ar thearmann ó Rómanaithe, faoin Afganastáin, faoi phróisis cinnteoireachta céannachta, náisiúntachta agus aoise agus i gceardlann ar Phoblacht Dhaonlathach an Chongó.

Dearbhú Cáilíochta (QA)

Rinne an tAonad Taighde taighde ar chórais dearbhaithe cáilíochta i ranna agus in eagraíochtaí dídeanaí. D'fhorbraigh an tAonad maitrís QA píolótach chun doiciméadú a dhéanamh ar na scrúdaithe éagsúla a dhéantar sna hAonaid Taighde agus Cás-Phróiseála de ORAC chun a chinntiú go gcuirtear na feidhmeanna i ngníomh ar chaighdeán iomchuí. Tugtar mionsonraí freisin sa mhaitrís ar oiliúint cuí agus ar acmhainní riachtanacha. Cuirfidh sé pointe imeachta ar fáil chun cáilíocht aschuir ORAC a fheabhsú agus a chinntiú sa todhchaí.

Aonad Beartais agus Nóis Imeachta

Is í feidhm an Aonaid seo ná gníomhú mar láracmhaínn faisnéise chun forbairt agus athbhreithniú leanúnach na mbeartas agus na nós imeachta in ORAC maidir le scrúdú na n-iarratas a chur ar aghaidh agus oiliúint chuí a sholáthar don fhoireann i ndáil leis seo.

Ba é príomhfhócas an Aonaid seo le linn 2003 ná a chinntiú go raibh an eagraíocht ullmhaithe mar ba chóir don athrú i dtreo na nósanna imeachta nua a thig ó na leasuithe reachtacha ar Acht na nDídeanaithe. Bhí idirchaidreamh agus comhoibriú ag baint leis seo, go seachtrach leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus gníomhaireachtaí eile atá bainteach leis an bpróiseas tearmainn chomh maith le go h-inmheánach lastigh d'ORAC féin. Rinneadh athbhreithniú ar na nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm san eagraíocht faoi réir na bhforálacha a bhí in Acht na nDídeanaithe, agus leasaíodh iad, nuair ba ghá, chun cloí leis na forálacha nua.

Tá gach iarratasóir a rinne iarratas roimh an dáta ar tháinig éifeacht reachtúil leis na leasuithe (15 Meán Fómhair, 2003) ach nach raibh fós curtha faoi agallamh ábhartha clúdaithe ag an reachtaíocht nua. Eisíodh fógra do gach iarratasóir dá leithéid i ndáil leis seo, á gcomhairliú i dteanga sothuigthe dó nó di faoi na príomhathruithe sa reachtaíocht. I dteannta seo, rinneamar bileog leasuithe le heolas ginearálta a ullmhú (atá ar fáil i 26 teanga) agus tugadh í do gach iarratasóir nua ón 15 Meán Fómhair i leith. Soláthraíodh eolas maidir leis na leasuithe reachtacha agus na hathruithe lena mbaineann do nósanna imeachta ORAC do Chomhairle na nDídeanaithe in Éirinn agus eagraíochtaí neamh-rialtasacha eile ar phainéal idirchaidrimh na gcustaiméirí de chuid ORAC.

Bhí forálacha nua arna gcuimsiú san Acht faoina bhféadfadh an tAire tíortha áirithe a ainmniú mar thíortha bunaidh sábháilte agus cuireadh oiliúint chuimsitheach le chéile agus ar fáil do na haonaid a ainmníodh chun iarratais ó thíortha lena mbaineann a phróiseáil. Freisin eagraíodh seisiúin achoimre ar na nósanna imeachta nua don fhoireann uilig ar fud na heagraíochta chomh maith le seisiúin speisialta do gach ball foirne atá ag obair sna hAonaid Cás-Phróiseála.

Bhí an tAonad Beartais agus Nóis Imeachta comhpháirteach i réimse tionscnaimh tábhachta eile le linn na bliana.

Bunaíodh grúpa oibre chun leagan amach agus ábhar an cheistneora a eisítear do na hiarratasóirí a scrúdú, i gcomhchomhairle le gníomhaireachtaí eile agus cleachtóirí atá bainteach leis an bpróiseas tearmainn, ina n-áirítear an UNHCR, Seirbhís Dhlíthiúil na nDídeanaithe agus an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, agus le gníomhaireachtaí neamh-rialtasacha a dhéanann ionadaíocht ar leas na ndídeanaithe agus an lucht iarrtha tearmainn. Tugadh isteach leagan amach nua den cheistneoir i 2002 ach d'aithin an t-athbhreithniú seo réimse feabhsuithe eile, go háirithe d'fhonn doiciméad a fhoilsiú a bheadh níos cruinne agus níos cairdiúla, agus tá súil go dtabharfar an leagan leasaithe isteach san Earrach 2004.

Ceann de na eochair-luachanna atá cuimsithe i Ráiteas Straitéise na heagraíochta seo ná geallúint d'ard-chaighdeán trí obair a dhéanamh ar chaighdeán a chinnteoidh moltaí ard-cháilíochta. Tá dlúthobair ar siúl idir an Aonad seo agus an tAonad COI/RSD chun critéir a aithint a chuirfidh cáilíocht chun cinn agus a dhéanfaidh sainmhíniú uirthi sa phróiseas cinnteoireachta mar chéim thosaithe i bhforbairt chláir dhearbhaithe cháilíochta san eagraíocht.

I rith na bliana 2003, bhí baint ag an Aonad le tionscnamh comhairleach dlíthiúil a thosaigh i 2002 a chur i ngníomh. I gceist leis seo bhí scrúdú ar struchtúr agus ar chomhdhéanamh na tuarascála ina ndéantar réamh-mheas ar an éileamh do thearmann ionas go bhforbrófaí tuarascáil a sholáthraíonn leibhéal ard de dhéine dhlíthiúil. Cuireadh tús le leagan amach nua tuarascála agus rinneadh meastóireacht uirthi i gcomhchomhairle leis an bhfoireann. Lean an tAonad ar aghaidh i 2003 ag obair leis an gcomhairleoir dlíthiúil seachtrach chun modúl oiliúna a fhorbairt don fhoireann tar éis an leagan amach tuarascála nua a chur i gcrích. Tugadh an leagan amach tuarascála nua isteach sa chéad leath den bhliain, agus cuireadh na modúil oiliúna ar siúl don fhoireann sa réimse cás-phróiseála.

Rinne an tAonad maoirseoireacht ar leanúint tionscnaimh píolóta a tugadh isteach i 2002 maidir le cur i bhfeidhm nósanna imeachta Gan Bunús faoi alt 12(1)(a) d'Acht na nDídeanaithe a bhí ann ag an am. (a bhain leis na cásanna nuair a bhíonn an Coimisinéir den tuairim roimh an agallamh nach bhfuil aon bhunús le hiarratas). Chuir seo tús le nósanna imeachta agus treoirlínte scrúdaithe a fhorbairt chun iarratasóirí i gcásanna den sórt sin a chur faoi agallamh. Rinne an tAonad monatóireacht ar thoradh scrúdaithe iarratais dá leithéid, mar aon leis an bpróiseas cinnteoireachta ina dhiaidh sin sa chéad chéim agus ag an gcéim achomhairc. Bhí rath leis an modh oibre seo chun líon na gcásanna a cuirtear ar ceal le linn achomhairc a ísliú. D'fhoráil na leasuithe nua san Acht áfach, modh oibre nua maidir le próiseáil cásanna den saghas seo agus níl an tionscnamh seo ábhartha níos mó.

An tAonad Athbhreithniú Breithiúnach

Is próiseas é an t-athbhreithniú breithiúnach, atá ar fáil i bhfoirm reatha an lae inniu ó 1979 i leith, ina lorgaítear leigheas ón Ard-Chúirt i gcoinne cinntí na gcúirteanna níos ísle, binsí nó údaráis riaracháin.

Is furasta go ndéanfar athbhreithniú breithiúnach ar mholtaí ORAC chun dearbhú ar stádas dídeanaí a dhiúltú de bhun alt 5 d'Acht na n-Inimirceach Neamhdhleathacha (Ceannaíocht), 2000. De ghnáth is iad na leighis a lorgaítear ná eascairí certiorari (sin neamhniú cinnidh) nó mandamus (ag tabhairt ordú do ORAC rud áirithe a chomhlíonadh m.sh. athagallamh a dhéanamh). Séard a bhíonn i gceist mar sin le hathbhreithniú breithiúnach don chuid is mó ná conas a tógadh an moladh agus ní an cinneadh féin a tógadh, i.e. ar comhlíonadh na nósanna imeachta cuí de réir an dlí agus de réir an cheartais bhunreachtúil agus nádúrtha.

Foráileann an tAcht chomh maith go gcaithfear tús a chur le hathbhreithniú breithiúnach lastigh de 14 lá ó fógraíodh an breithiúnas atá an t-iarratasóir ag cur agóid ina choinne. Freisin, tá dualgas ar an iarratasóir "bunús substaintiúil a bheith aige nó aici chun a mhaoímh go bhfuil… an moladh… neamhbhailí nó gur chóir é a neamhniú".[11]

Nuair a lorgaítear cead chun imeacht athbhreithnithe breithiúnach a thosnú ag iarratasóir, déantar mionscrúdú ar an bhfógra foriarratais, an ráiteas forais agus aon mionscríbhinn tacaíochta chomh maith le cáschomhad an Choimisinéara. Má thugtar faoi deara go ndearnadh earráid nóis imeachta, déanfar tairiscint socraíochta, agus athghlacfar leis an iarratasóir sa phróiseas imscrúdaithe céadchéime. Más rud é, áfach, go bhfuil ORAC sásta gur chomhlíon an Oifig a feidhmeanna mar ba cheart is ba chóir déanfar an t-iarratas a chonspóid. Má dhéantar cinneadh an t-iarratas a chonspóid, ullmhaítear ábhar tuairisce agus, má mheasann ár gcomhairleoirí dlíthiúla go bhfuil iomchuí, déanfar mionnscríbinní a mhionnú mar fhreagra.

Nuair a thagann reachtaíocht nua i bhfeidhm, go háirithe reachtaíocht a bhfuil éifeacht aici ar dhaoine aonair, tá sé soiléir ó thaithí go ndéanfar í a thriail sna cúirteanna, go dtí go dtógfar dóthain fasach ina leith. Tá an Oifig seo ag feidhmiú le reachtaíocht nua go leor atá faoi réir cheana ag mór-leasuithe agus dá bhrí sin tá go minic ag plé le saincheisteanna nár measadh roimhe seo i gcóras riaracháin na hÉireann. Líomhnaíonn roinnt iarratasóirí nach bhfuil nósanna imeachta na céadchéime ceart ná cóir, go bhfuil siad neamhbhunreachtúil agus neamhréasúnach. Déantar líomhaintí den saghas seo a chonspóid i gcónaí.

Bhí a lán de na hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach i 2003 i ndáil le nósanna imeachta ORAC lasmuigh den teorainn ama reachtúil. I gcásanna áirithe níor cuireadh iarratas isteach ach dá éis gur fógraíodh don iarratasóir faoi dhiúltú a (h)achomhairc chun Binse Achomhairc na nDídeanaithe nó ag an gcéim ionnarbtha fiú. Go hiondúil diúltaíonn an Ard-Chúirt d'aon síneadh ama, tar éis di na príomhcheisteanna arna fhorasú ag an iarratas a mheas.

Arna fhoráil ag alt 7 den Acht Inimirce, 2000, bhí roinnt leasuithe do Acht na nDídeanaithe. Mar a bhí súil leis, rinneadh líon agóid go luath i gcoinne moltaí tógtha faoi na nósanna imeachta imscrúdaithe reachtúla nua sa chéadchéim. Níor thug an Ard-Chúirt éisteacht roimh dheireadh na bliana do aon chéad éisteacht ceadaithe d'aon chás dóibh seo.

Ag tús na bliana 2003, bhí 23 iarratas ar athbhreithniú breithiúnach fós gan réiteach a bhain le próisis de chuid ORAC, gan cásanna a bhain le Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath a chur san áireamh[12]. Tionscnaíodh 53 cás le linn na bliana. De iomlán 76 cás, tugadh 23 chun críche i 2003, ag fágáil iomlán de 53 fós gan réiteach ag deireadh na bliana.

11 Alt 5(2), Acht na n-Imirceach Neamhdhleathacha (Ceannaíocht), 2000.

12 Déantar plé ar athbhreithniú breithiúnach i ndáil le Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath i gCaibidil 4 den tuarascáil seo.

6

Mionaoisigh gan Tionlacan

Mionaoisigh gan Tionlacan agus Acht na nDídeanaithe

Foráiltear ag alt 8(5)(a) d'Acht na nDídeanaithe, sa chás go bhfuil oifeagach údaraithe de chuid na Coimisinéara nó Oifigeach Inimirce den tuairim go bhfuil duine atá tagtha i dtír sa Stát faoi 18 bliain d'aois, caithfear an leanbh sin a chur faoi bhráid an bhoird sláinte cuí a chinnteoidh ansin ar chóir nó nár chóir iarratas ar thearmann a dhéanamh thar a c(h)eann. Sa chás go ndéantar iarratas, cuideoidh an bord sláinte leis an mionaoiseach ar feadh an phróisis tearmainn, mar aon le tionlacan a thabhairt dó nó di le linn an agallaimh.

Próiseáil Iarratais ó Mhionaoisigh gan Tionlacan

Aithníonn ORAC go mbíonn riachtanais speisialta ag iarratasóirí nó grúpaí iarratasóirí faoi leith, ina n-áirítear ach go háirithe mionaoisigh gan tionlacan agus leanaí. Ionas go gcaithfear leis na hiarratasóirí seo i slí chothrom agus iomchuí, rinne ORAC forbairt ar nósanna imeachta chun aon fhachtóir nó tosca sonrach a thugtar le fios sna cásanna seo a mheas.

Mar thoradh ar seo, tá treoirlínte curtha i bhfeidhm ag ORAC maidir le cinneadh na n-iarratas ó mhionaoisigh gan tionlacan. Agus na treoirlínte seo á fhorbairt, cuireadh taithí chaite san áireamh, mar aon le treoirlínte agus comhairle an UNHCR, agus Clár Leanaí Chun Tosaigh an AE. Bhíothas ag coimeád súil ar na treoirlínte seo agus cé go bhfuarthas amach go bhfuileadar ag obair go maith i gcoitinne, rinneadh líon mionleasuithe orthu i 2003.

Chun a chinntiú go gcuirtear riachtanais speisialta an ghrúpa iarratasóir seo san áireamh i gceart, tugadh oiliúint speisialta bhreise do ghrúpa agallóirí le taithí ar ar an ábhar chun cuidiú leo agus iad ag obair ar chásanna a bhaineann le mionaoisigh gan tionlacan. Thug líon saineolaí i gcúram leanaí tíolacadh le linn an chúrsa, ag díriú ar shaincheisteanna mar riachtanais síceolaíochta, gnéithe a bhaineann le leanaí sa phróiseas dídeanaí, ról an oibrí sóisialta agus saincheisteanna eile a bhaineann le cinneadh stádas dídeanaí a dhéanamh do mhionaoisigh gan tionlacan.

Aithnítear freisin go bhféadfadh roinnt leanaí, leanaí óga ach go háirithe, a n-eagla a thaispeáint i slí an-difriúil ó dhaoine fásta agus nach mbeadh said ábalta na cúiseanna a léiriú go beacht maidir leis an bhfáth gur fhág said a dtíortha bunaidh. Dá bhrí sin, nuair a dhéantar éileamh leanaí a imscrúdú, is minic go mbeidh níos mó gá fachtóirí oibiachtúla a chur san áireamh mar eolas ar an dtír bunaidh agus iarratas an linbh á chinntiú.

D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach a chur san áireamh freisin gur féidir, de bharr beartais agus cleachtais áirithe arb ionann agus coilleadh cearta faoi leith an mhionaoisí (mar shampla, iallach a chur ar leanaí páirt a ghlacadh in arm nó i ngrúpa reibiliúnach) agus faoi réir imthosca áirithe, teacht ar an tuairim go bhfuil an cás i raon Choinbhinsiún na Ginéive 1951 a bhaineann le Stádas Dídeanaí.

I dteannta seo, creideann an ORAC, mar aon leis na gníomhaireachtaí eile atá ag plé le mionaoisigh gan tionlacan, go bhfuil buntáistí faoi leith ag baint le cur chuige ilghníomhaireachta a ghlacadh chun cleachtóirí a oiliúint sa réimse seo agus mar thoradh air tá ionadaithe ó na boird sláinte, Binse Achomhairc na nDídeanaithe agus Seirbhís Dhlíthiúil na nDídeanaithe ag freastal ar an gcúrsa oiliúna speisialta.

Tá ORAC comhpháirteach freisin sa Ghrúpa Oibre idir-ghníomahireachta ar Mhionaoisigh gan Tionalcan ar a bhfreastalaíonn na Ranna agus gníomhaireachtaí atá freagrach as déileáil le mionaoisigh. Chomh maith leis seo, bíonn idirchaidreamh neamhfhoirmiúil ar bhonn rialta leis na boird sláinte chun próiseáil cásanna mhionaoisigh gan tionlacan a eagrú agus chun plé le saincheisteanna praiticiúla a thagann sa bhealach.

Cé gur cuireadh an bhéim ar ullmhúchán agus ar bhfeidhmiú na socruithe seo ar riachtanais na mionaoiseach gan tionlacan, tá sochar thábhachtach ag an gcur chuige a tógadh agus go háirithe ag an oiliúint a cuireadh ar fáil, do agallaimh ar leanaí a bhfuil tionlacan acu ach go gceapann a dtuismitheoirí gur chóir iarratas ar thearmann faoi leith a dhéanamh dóibh.

Iarratais ó Leanaí An-Óga

Cé go mbaineann an chuid is mó de na h-iarratais a fhaigheann ORAC ó mhionaoisigh gan tionlacan le leanaí atá 16 bliain nó ós a chionn, faightear líon beag iarratas ó leanaí an-óga ar fad (12 bliain d'aois agus faoina bhun). Tugann an chreatlach reachtúil do imscrúdú na n-iarratas ar dhearbhú do stádas dídeanaí an deis do gach iarratasóir dul faoi agallamh roimh a ndéantar aon mholadh, ach amháin do leanaí a n-áirítear ar iarratas a dtuismitheoirí.

Mar thoradh, tá treoirlínte agus áiseanna cuí curtha i bhfeidhm chun freagra oiriúnach a thabhairt ar iarratais a fuarthas ó leanaí an-óga, mar aon le leanaí ag a bhfuil tionlacan dhuine fásta ach ag a bhfuil éileamh neamhspleách nó ar leith do thearmann. D'eagraigh ORAC oiliúint idir-ghníomhaireachta bhreise i gcomhcheangal leis an UNHCR do oifigigh ón mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe, Seirbhís Dhlíthiúil do Dhídeanaithe, Bord Sláinte Limistéar an Chósta Thoir agus Oifigigh ón Oifig seo a bheadh baint acu le leanaí an-óga a chur faoi agallamh agus lena stádas a chinntiú.

Tá iarracht déanta ag ORAC a chinntiú go soláthrófar timpeallacht fheiliúnach a spreagfaidh leanaí an-óga lena n-éilimh a mhíniú go beacht. Áirítear leis seo seomra agallaimh cairdiúil a chruthú, agus modh oibre a ceapadh chun an leanbh a chur ar a s(h)uaimhneas a úsáid mar aon le comhpháirtíocht chompordach a éascú sa phróiseas agallaimh.

Forbairtí i 2003

I 2003, d'fhreastal iomlán de 841 duine ar an Oifig a mhaígh gur mionaoisigh gan tionlacan iad ag lorg iarratas a dhéanamh ar dhearbhú do stádas dídeanaí nó chun a bheith athaontaithe lena dteaglaigh. As an líon seo, cuireadh 729 faoi bhráid na mbord sláinte agus measadh gur daoine fásta a bhí sna 112 eile agus cuireadh isteach sa phróiseas tearmainn iad ar an mbonn seo. Bhí líon beag mionaoiseach a cuireadh faoi bhráid na mbord sláinte nár athaontaíodh lena dteaglaigh sa Stát agus chuir an bord sláinte iarratas ar thearmann isteach thar ceann 276 mionaoiseach dá leithéid i 2003 (rinneadh 288 iarratas sa bhliain 2002).

Bhí 337 agallamh arna sceidealadh le linn 2003, agus eisíodh 201 moladh de bhun alt 13 d'Acht na nDídeanaithe, 1996, maidir le mionaoisigh gan tionlacan. (Tá líon fachtóir a chuireann an difríocht idir na hagallaimh a sceidealadh agus na moltaí a tógadh san áireamh, ina measc athsceidealadh de dheasca neamh-láithreachais, cásanna casta ina bhfuil níos mó ná agallamh amháin riachtanach agus cásanna inar cuireadh na hagallaimh ar atráth nó ar ceal de bharr thoscaí a bhain le leas an linbh.) Cuirtear seo i gcomparáid le 1135 agallamh agud 560 moladh a tógadh le linn na bliana 2002 (sin ísliú de 70% agus 77% faoi seach).

Mar atá soiléir ó na figiúirí seo, cuireadh an dul chun cinn a rinneadh i 2002, maidir le riaráiste na gcásanna a bhain le mionaoisigh gan tionlacan a dhíothú, ar gcúl i 2003. De bhrí go raibh easpa oibrithe sóisialta thar ceann foirne na mionaoiseach gan tionlacan de chuid Bhord Sláinte Limistéar na Chósta Thoir (atá freagrach as an líon is mó mionaoisigh gan tionlacan) níorbh fhéidir leis cabhair a thabhairt ach ag líon agallamh i bhfad níos ísle agus bhí ar ORAC a sceidealadh a athrú dá réir. Cuireadh acmhainní breise ar fáil do fhoireann an Bhoird Sláinte ó shin i leith agus rinneadh roinnt dul chun cinn chun dul i ngleic leis an riaráiste i dtreo dheireadh na bliana 2003.

D'oibrigh an Oifig freisin i gcomhcheangal le Comhairle na nDídeanaithe in Éirinn ar thuarascáil, a rinne plé ar mhionaoisigh atá ag lorg tearmann in Éirinn, ar tugadh coimisiún di a scríobh don Chlár 'Leanaí Scartha san Eoraip'.

Tástáil Aoise

Tá an tuairim maidir le daoine a chuireann iad féin i láthair in ORAC ag maíomh go bhfuil said faoi 18 bliain, ach cuma níos sine orthu, fós ina chúis imní, nach beag maidir le saincheisteanna cosanta linbh.

I láthair na huaire, déanann ball foirne de chuid ORAC ag a bhfuil taithí ar seo measúnú tar éis dóibh an duine a chur faoi agallamh agus ag tagairt dá c(h)untas ar a c(h)úlra agus do mhéadaíocht intleachtúil agus fhisiciúil an duine. De bharr an deacracht mór atá ann maidir le haois an duine a chinntiú, cuirtear sochar an amhrais i bhfeidhm, go mór mór nuair atá cuma ar go bhfuil an duine laistigh de chúpla bliain ón 18.

Mionaoisigh gan Tionlacan

Aithníonn gach gníomhaireacht atá bainteach le mionaoisigh gan tionlacan go mbeadh comhairle leighis do chinntiú aoise inmhianaithe. Chun an chuspóir seo a bhaint amach chuir ORAC tionscnamh píolóta i gcrích i 2002 bunaithe ar mheasúnú leighis de dhlús na cnámha (ag baint úsáid as X-ghathú na lámh agus an bhacáin láimhe). Leanadh seo le miontaighde i measc Bhallstáit an AE i rith na bliana 2003 ar chórais tástála aoise iontaofa atá in úsáid in áiteanna eile ar domhan. Mar aon leis seo, eagraíodh cruinnithe le hospidéil éagsúla i mBaile Átha Cliath d'fhonn modh tástála aoise eolaíoch iontaofa a bhunú do mhionaoisigh a bhfuil amhras faoina n-aoiseanna. Thug an taighde seo le fios nach bhfuil aon chóras chinnteoireachta aoise leighis ann atá inghlactha ar fud an domhan ach go bhfuil fiúntas ag baint le líon dearcadh áirithe agus go ndéanfaidh ORAC iad a mheas níos faide i rith na bliana 2004.

7

Ag Tíolacadh in Éisteacht Achomhairc

Idirghabháil leis an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe

Tugtar tíolacadh ar chomhpháirtíocht an Oifigigh Thíolactha, atá ag gníomhú thar cheann an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe sa phróiseas achomhairc. Arna fhoráil ag Acht na nDídeanaithe, 1996, tá: "Cuirfidh an Binse ar chumas an Choimisinéara nó oifigeach údaraithe a bheith i láthair ag an éisteacht agus a gcás a thíolacadh…".[13]

Is í feidhm an Oifigigh Thíolactha ná:

- cuidiú le Comhalta den Bhinse (MOT) cinneadh cothrom agus cóir a thógáil;
- freagairt ag an éisteacht achomhairc i leith na saincheisteanna a tugadh le fios in achomhairc an achomhairceora; agus
- ionadaíocht a dhéanamh ar an gCoimisinéir ag an éisteacht.

Roimh an éisteacht, faigheann an t-Oifigeach Tíolachtha mioneolas ar chomhad an achomhairceora: an fáth go maíonn an t-achomhairceoir eagla roimh ghéarleanúint, mionsonraí an imscrúdaithe sa chéadchéim, agus moladh an Choimisinéara. Caithfidh an t-Oifigeach Tíolactha aon eolas a sholáthraíonn an t-achomhairceoir mar chúiseanna don achomhairc a mheas (tá riachtanas dlíthiúil ann go gcaithfidh gach achomhairceoir cúiseanna a sholáthar ina n-áirítear aon earráid ó thaobh an Choimisinéara de a aithint), mar aon leis an eolas reatha faoin dtír bhunaidh agus aon chás dlí bainteach.

Ag an éisteacht, is féidir leis an Oifigeach Tíolactha ceisteanna a iarraidh don achomhairceoir agus do na finnéithe (más ann iad) chun saincheisteanna atá lárnach don achomhairc a shoiléiriú. Is féidir a áirthiú ina measc, saincheisteanna a bhaineann le haon fhaisnéis nua a tugadh ag an éisteacht achomhairc agus le creidiúnacht éilimh an achomhairceora. Tugann an t-Oifigeach Tíolactha achoimre ag deireadh na héisteachta ar chás an Choimisinéara. Luíonn an fhreagracht as moladh an phróisis achomhairc le comhaltaí den Bhinse a stiúrann an éisteacht.

I 2003, lean an Oifig lena hionadaíocht sa phróiseas achomhairc de réir an Achta. Le linn na bliana, rinne an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe sceideal ar mheán de 114 éisteacht achomhairc ar feadh tréimhse 47 seachtain d'éisteachtaí. Ghlac Oifigigh Tíolactha páirt i 4498 éisteacht achomhairc (ina n-áirítear Atráthanna agus neamh-láitheachais) thar chúrsa na bliana. Ós rud é go mbíonn luaineachtaí seachtainúla sa líon éisteacht arna sceidealadh ag an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe, is féidir le pleanáil roimh ré deacrachtaí a léiriú. Bhí ráta athraithe foirne ard go leor san Aonad Tíolactha le linn na bliana agus tá na próisis oiliúna agus cleachtais eolais ag dul ar aghaidh go leanúnach.

Foráileann an tAcht[14] freisin gur féidir leis an mBinse fiosrúcháin/breithnithe breise a iarraidh i ndáil le saincheisteanna faoi leith maidir le cásanna agus déanfar próiseáil orthu seo san Aonad Tíolactha. I 2003, rinne an tAonad plé le 90 iarratas ar bhreis eolais faoi alt 16(6) agus le 2 iarratas ar bhreithnithe de bhun achomhairc faoi alt 16(7).

13 Alt 16(11)(c).

14 Altanna 16(6) agus (7).

8

Athaontú Teaghlaigh

Ag Díriú ar an Teaghlach

Áiríodh in acht dheireanach na comhdhála a ghlac le Coinbhinsiún na Ginéive 1951 togra i ndáil leis an bprionsabal aontais teaghlaigh. I ndlí na hÉireann, tá an prionsabal go bhfuil dídeanaí i dteideal aontú len a t(h)eaghlach cumhdaithe in Acht na nDídeanaithe, 1996.

Feidhmeanna an Choimisinéara agus an Aire faoi seach

Faoi réir Acht na nDídeanaithe[15], tá freagracht ar an Oifig seo as imscrúdú agus ullmhú tuarascála don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi iarratais na ndaoine sin ar a deonadh stádas dídeanaí agus a lorgaíonn cead dá éis do bhaill faoi leith den teaglach teacht isteach agus cónaí sa Stát.

Sainmhínítear san acht chun na críocha seo "ball teaghlaigh" mar:

- sa chás go bhfuil an dídeanaí pósta, céile an dhídeanaí (arna áirithiú go bhfuil an pósadh ar mharthain ar dháta an iarratais).
- sa chás go bhfuil an dídeanaí, ar dháta an iarratais a dhéanamh ar athaontú teaghlaigh, faoi aois 18 bliain agus nach bhfuil se/sí pósta, a t(h)uismitheoirí.
- leanbh dhídeanaí, atá ar dháta an iarratais faoi aois 18 bliain agus nach bhfuil pósta.

Sonraítear san Acht freisin, go bhféadfaidh an tAire, mar is cuí leis nó léi, cead a dheonú ar bhall chleithiúnach theaghlach an dhídeanaí teacht isteach agus cónaí sa Stát. Sainmhínítear "ball cleithiúnach den teaghlach" mar: "aon seanathair nó seanmháthair, tuismitheoir, deartháir, deirfiúr, mac nó iníon clainne, coimircí nó caomhnóir de chuid an dhídeanaí atá cleithiúnach ar an dídeanaí nó atá ag fulaingt ó mhíchumas nó sa mhéid nach bhfuil sé réasunach é nó í féin a chothú go hiomlán".

Is féidir le haon dhídeanaí iarratas a chur chuig an Aire ar chead chun ligint do bhall teaghlaigh teacht isteach agus cónaí sa Stát. Déantar an t-iarratas a chur chuig an Rannóg Inimirce den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí de ghnáth, cé go ndéanann roinnt iarratasóirí teagmháil dhíreach leis an Oifig seo.Cuirtear gach iarratas faoi bhráid an ORAC dá éis sin d'fhonn iad a imscrúdú. Chun faisnéis a bhailiú i leith an iarratais, eisítear ceistneoir don dídeanaí atá ag déanamh an iarratas agus déantar seo a fhorlíonadh go minic le hiarratais ar eolas sonrach. Do thromlach na n-iarratas níl aon ghá glaoch ar dhaoine i gcóir agallamh. I líon beag cás an bhliain seo áfach, cuireadh iarratasóirí faoi agallamh chun gnéithe áirithe den iarratas a shoiléiriú.

Tiomsaítear tuarascáil arna bhunú ar an bhfaisnéis atá ar fáil, ina n-áirítear aon fhaisnéis a shonraítear sa cheistneoir. Séard a lorgaítear leis an tuarascáil go bunúsach ná an caidreamh idir an dídeanaí agus an ball teaghlaigh a mheas, agus más cuí, imthosca teaghlaigh an bhaill lena mbaineann. Cuirtear an tuarascáil faoi bhráid an Aire ansin chun í a mheas agus chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarratas. Cuirtear an cinneadh seo in iúl dá éis sin don iarratasóir.

Iarratais ar Athaontú Teaghlaigh i 2003

Le linn 2003, cuireadh 529 iarratas ar athaontú teaghlaigh faoi bhráid na hOifige seo, sin méadú 48% ar 2002. Is é iomlán na mballteaghlaigh/ cleithiúnaigh lena mbaineann na hiarratais seo ná 1093, sin méadú 36% ar líon na gcleithiúnach faoina ndearnadh iarratas ó 2002. Den 529 iarratasóir, fuarthas 64% ó dhídeanaithe fireann, agus 36% ó dhídeanaithe ban.

15 *Alt 18.*

Fuarthas iarratais ar athaontú teaghlaigh ó dhídeanaithe as breis is dhá scór tír bhunaidh éagsúil. Ba iad na príomhthíortha bunaidh i ndáil le hiarratais dá leithéid ná Poblacht Dhaonlathach an Chongó, an Nigéir, an tSiombáib, Angóla agus an tSomáil. Faoi dheireadh na bliana, bhí 358 comhad curtha i gcrích agus ar ais chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí do chinneadh, méadú de 62% ar 2002. Bá é líon na ndála teaghlaigh/cleithiúnaigh lena mbaineann na comhaid seo ná 782 (i gcomparáid le 535 i 2002).

Forbairtí sa Todhchaí

Chun cuidiú le hiarratasóirí, déanfaidh an tAonad um Athaontú Teaghlaigh ceistneoir, bileog mhínitheach agus bileog eolais nua a ullmhú a thabharfaidh achoimre beacht ar na próisis iarratais, scrúdaithe agus molta do Athaontú Teaghlaigh.

Ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ndaoine a dearbhaíodh mar dhídeanaithe tugann an claonadh le fios go mbeidh méadú comhfhreagrach sa líon iarratas a gheofar do athaontú dhála teaghlaigh, agus freisin méadú sa líon dála teaghlaigh a cheadófar dóibh teacht isteach agus fanacht in Éirinn. Beidh sé riachtanach acmhainní breise a thiomnú don réimse oibre seo de réir mar a thiocfaidh méadú ar an éileamh.

9

Seirbhís do Chustaiméirí

Forbhreathnú

Bhí an tAonad Seirbhíse do Chustaiméirí dírithe don chuid is mó i 2003 ar fhorbairt bhreise ar an gcaighdeáin seirbhíse mar a shonraítear i bPlean Gnímh Seirbhíse do Chustaiméirí 2002 de chuid ORAC.

Cé gurb iad ár bpríomhchustaiméirí dar ndóigh na daoine a chuir iarratas isteach ar thearmann nó ar athaontú teaghlaigh, bíonn ORAC ag déanamh idirghabháil le agus ag cur seirbhísí ar fáil don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, comhlachtaí reachtúla eile mar an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, oifig an UNHCR in Éirinn, eagraíochtaí neamh-rialtasacha éagsúla a dhéanann ionadaíocht ar nó a chuireann seirbhísí ar fáil do lucht iarrtha tearmainn chomh maith lenár bhfoireann féin.

Is pointe lárnach teagmhála do fhiosrúcháin a chuirtear chuig an Oifig seo an tIonad Seirbhíse do Chustaiméirí (CSC). Tá sé freagrach freisin as, i measc ábhair eile, faireachán a dhéanamh ar na struchtúir custaiméara agus iad a fhorbairt le tagairt faoi leith do na geallúintí a shonraítear sa Phlean Gnímh Seirbhíse do Chustaiméirí 2002; bainistiú a dhéanamh ar fhiosrúcháin ó chustaiméirí; idirchaidreamh le heagraíochtaí eile (rialtasach agus neamh-rialtasach); chomh maith le bainistiú agus cóipeáil comhad.

Bhí obair na bliana 2003 bunaithe ar na réimsí seo a leanas:

- comhdhlúthú agus formhaisiú na nósanna imeachta chun déileáil le fiosrúcháin a thagann chuig an Oifig tríd an bpost, guthán, r-phost agus an idirlíon d'fhonn freagraí thapaidh agus cruinn a thabhairt;
- pointe idirchaidrimh a sholáthar do eagraíochtaí rialtasacha agus neamh-rialtasacha a dhéanann teagmháil leis an Oifig;
- comhdhlúthú agus formhaisiú na gcóras bainistíochta comhad agus rian comhfhreagras inmheánach;
- nós imeachta leasuithe gearáin do chustaiméirí a fhorbairt;
- tús a chur le próiseas rialta suirbhé custaiméara, na toraidh dá chuid a bheidh ina bhfoinse faisnéise do bheartas seirbhíse custaiméara sa todhchaí;
- ról agus ballraíocht an Phainéil Idirchaidrimh do Chustaiméirí a athbhreithniú do eagraíochtaí neamh-rialtasacha;
- cartlann comhaid a fhorbairt do ORAC; agus
- éilimh ar iarratais ar thearmann a tharraingt siar a phróiseáil.

Fiosrúcháin Custaiméara

Is táscaire úsáideach é an réimse fiosrúcháin lena ndéanann an CSC déileáil ar na saincheisteanna praiticiúla lena mbíonn an Oifig ag plé. Áirítear i measc na bhfiosrúchán a fuarthas:

- fiosrúcháin ó iarratasóirí i ndáil leis an dul chun cinn ar a n-éileamh;
- méid mhór de na fógraí Athrú Seolta ó iarratasóirí agus ón nGníomhaireacht um Fháiltiú agus Lánpháirtiú araon;
- comhfhreagras ó ionadaithe dlíthiúla (don chuid is mó Seirbhís Dhlíthiúil na nDídeanaithe) ag lorg cóipeanna de cháipéisí nó ag tagairt do shaincheisteanna dlíthiúla nó nóis imeachta i ndáil le próiseáil iarratas a gcliaint;
- fiosrúcháin maidir le hiarratais ar thearmann a tharraingt siar;
- fiosrúcháin faoi chéimeanna eile sa phróiseas tearmainn nó inimirce nó faoi cheist sochair atá á riaradh ag comhlachtaí reachtúla eile;
- fiosrúcháin ar staitisticí;
- fiosrúcháin ar eolas ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

I dtromlach na gcásanna, déileálann CSC go díreach leis na fiosrúcháin a fuarthas ach tá feidhm idirchaidrimh aige freisin idir chustaiméirí agus na haonaid eile in ORAC, mar aon le custaiméirí a chur i dteagmháil le hoifigí/ranna Rialtais eile mar is cuí.

I 2003, rinne an CSC plé le timpeall 1550 nithe oibre gach seachtain ina n-áirítear na catagóirí seo a leanas:

- Comhfhreagras i scríbhinn
- Fiosrúcháin guthán
- Bearta gluaiseacht comhad
- Comhaid arna próiseáiliú a chóipeáil

Suirbhé Seirbhíse Custaiméara

Le linn 2003, chuir an CSC an chéad suirbhé seirbhíse custaiméara i gcrích. Bhí toradh an suirbhé an-dearfach agus tugann sé le fios go bhfuil tromlach na gcustaiméirí a thagann i dteagmháil leis an Oifig sásta le caighdeán na seirbhíse a cuirtear ar fáil: thug 98.73% dóibh siúd a 'ghlaoigh go pearsanta' le fios gur caitheadh leo go deá-bhéasach agus le meas; dúirt 94.44% dóibh siúd a thug le fios go ndearna said teagmháil 'ar an nguthán', go raibh siad an-shásta nó sásta leis an seirbhís a cuireadh ar fáil dóibh; agus dúirt 97% dóibh siúd a rinne teagmháil 'i scríbhinn' go bhfuair siad freagra ar a gcomhfhreagras laistigh de 20 lá oibre (an t-am freagartha cuspóireach a leagadh síos i bPlean Gnímh Seirbhíse do Chustaiméirí de chuid ORAC).

Tá sé beartaithe go mbeidh suirbhéanna sa todhchaí dírithe níos mó i dtreo na cineáil éagsúla seirbhíse arna sheachadadh ag ORAC.

Struchtúir Idirchaidreamh agus Aiseolas

Rinneadh breis forbartha agus comhdhlúthaithe i 2003 ar an dá phríomhréimse do struchtúir foirmiúla idirchaidreamh agus aiseolas:

- **Comhlachtaí Reachtúla agus Dlíthiúla**
  Bhí teagmháil leanúnach ar siúl i rith na bliana 2003 le comhlachtaí éagsúla reachtúla agus dlíthiúla eile atá bainteach leis an bpróiseas tearmainn ar réimse shaincheisteanna agus ar bhonn déthaobhach don chuid is mó.

- **Eagraíochtaí Neamh-Rialtasacha**
  Cuireann Painéal Idirchaidrimh na gCustaiméirí d'eagraíochtaí neamh-rialtasacha fóram oscailte ar fáil do shaincheisteanna ar chóir a phlé agus is uirlis chumarsáide an-úsáideach í do ORAC agus do na heagraíochtaí neamh-rialtasacha araon. Cuidíonn sí chomh maith le fios ar fheidhmeanna a chéile a fhorbairt agus le ceisteanna imní na n-iarratasóir tearmainn a thabhairt chun suntais.

Mar a tugadh le fios thuas, rinneadh athbhreithniú ar bhallraíocht Phainéil na n-eagraíochtaí neamh-rialtasacha i 2003 chun a chinntiú go mbeadh an líon is mó ab fhéidir de chustaiméirí comhpháirteach ann. Mar thoradh ar an athbhreithniú seo rinneadh méadú ar Phainéal na n-eagraíochtaí neamh-rialtasacha ó 6 go 7. Bhí dhá chruinniú fhoirmiúil ag an bPainéal i 2003. Mar aon leis na cruinnithe seo, cuirtear baill an Phainéil ar an eolas i scríbhinn maidir le forbairtí thábhachtacha i ndáil le gníomhaíochtaí ORAC mar agus nuair a tharlaíonn siad.

Cóipeáil agus Bainistiú Comhad

Déantar cóipeanna de chomhaid na n-iarratasóir a sholáthar do na hiarratasóirí féin, a n-ionadaí dlíthiúil agus, sa chás go ndéantar achomhairc, don Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe. Le linn na bliana 2003, chóipeáil foireann an CSC timpeall 6031 comhad.

I rith na bliana, d'fhorbraíodh cartlann do ORAC agus rinneadh athbhreithniú agus formhaisiú ar na struchtúirí reatha, mar ba chuí, chun feidhmiú leanúnach réidh chórais bainistíochta comhad ORAC a chinntiú.

10

Tacaíocht Eagrúcháin

Eagrúchán agus Forbairt Chorparáideach

I rith na bliana 2003, lean an Oifig Chorporáideach ag cur tacaíocht riaracháin agus rúnaíochta ar fáil don Choimisinéir agus dá foireann bainistíochta sinsearach. Tá cuimsiú leathan ag an dtarchur seo agus áirítear na feidhmeanna seo a leanas:

- dóthain tacaíocht riaracháin a chur ar fáil chun cur ar chumas aonaid eile lastigh den eagraíocht, den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, gníomhaireachtaí agus ranna Rialtais eile, agus fóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta, idirghabháil a dhéanamh i slí chomheagraithe agus éifeachtach, ag cothabháil agus ag comheagrú ábhar miontuairisce cruinn, infhaighte agus tráthúil;
- cáipéisí corparáideacha agus ábhar do thuarascálacha faoi dhul chun cinn inbhuanaithe a ullmhú, a fhoilsiú agus iad a scaipeadh;
- ábhar le cuimsiú i bhfreagraí ar Cheisteanna Parlaiminte a ullmhú agus a chomheagrú mar aon le hábhar miontuairisce eile mar is cuí leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus na meáin;
- nuachtlitir na heagraíochta – *The ORACle* – a fhoilsiú ar bhonn ráithiúil; agus
- tacaíocht riaracháin agus rúnaíochta a sholáthar don Choiste Comphairtíochta.

Le linn na bliana 2003, tugadh an Plean Corparáideach 5-bliana don tréimhse 2004 go 2008 chun críche. Tá an Plean dírithe ar chinnteoireacht stádais dídeanaí ardchaighdeáin a sholáthar trí eagraíocht atá tiomnaithe d'fheabhsú leanúnach agus ina gcuirtear meas ar dhaoine. Cuireadh forbairt an Phlean in iúl le mionphróiseas comhairliúcháin. Déanfar athbhreithniú ar an bPlean agus ar a fheidhmiúchán ionas go gcinnteofar an bhaint atá aige leis an gcomhthéacs ina n-oibrimid agus ár n-éifeachtacht mar sheirbhís phoiblí.

Tugadh an Ráiteas Straitéise don tréimhse 2004 go 2006 chun críche i rith na bliana freisin. Is é seo an chéad Ráiteas Straitéise don Oifig agus leantar ar aghaidh ó Cháipéis Chreatlaigh Straitéise na bliana 2001. Tugann sé achoimre ar an Oifig; achoimre ar mhisean agus mhandáid na hOifige; an comhthéacs agus an timpeallacht ina gcaithfear a spriocanna a bhaint amach; agus leagtar síos na spriocanna ard-leibhéil, cuspóirí, táscairí aschur agus fheidhmithe do na réimsí feidhmiúcháin agus eagrúcháin san Oifig.

Tugann an Plean Corparáideach agus an Ráiteas Straitéise araon léargas ar thoradh athbhreithnithe na heagraíochta arna éascú ag an Lárionad d'Fhorbairt Bainistíochta agus Eagrúcháin (CMOD). Ba iad téarmaí tagartha an CMOD ná "cabhair a chur ar fáil do ORAC chun an Oifig a chur ar a cumas scrúdú a dhéanamh ar nósanna imeachta, cleachtais agus struchtúirí reatha ionas go ndéanfaí ailíniú ar na hacmhainní chun éifeacht agus éifeachtacht a uasmhéadú". Bhí comhchomhairle leathan leis an bhfoireann ag an athbhreithniú a tosaíodh i mí Eanáir, 2003, ag cuimsiú na céimeanna seo a leanas:

- Bunaíodh grúpa oibre le 22 ball foirne ag grádanna éagsúla ag baint úsáid as an gComhchreatlach do Mheasúnú chun críocha meastóireachta (féach thíos).
- Agallaimh duine le duine de chuid an CMOD le 25 ball foirne breise ó ar fud na heagraíochta.
- Ceithre cheardlann ina raibh 40 ball foirne bainteach ann.
- Cruinnithe aonair le breis is 20 ball foirne, ag a comhlánaíodh ceistneoir cumarsáide.

(Is uirlis féinfheabhsúcháin de chuid an AE í an Chomhchreatlach do Mheasúnú (CAF) chun comparáid fheidhmiúcháin a dhéanamh san earnáil phoiblí. Ba í an Oifig seo an chéad eagraíocht d'earnáil phoiblí na hÉireann a chur cleachtadh CAF i bhfeidhm.)

Fuarthas an tuarascáil dheireanach faoin athbhreithniú ón CMOD i mí Mheáin Fómhair agus cuireadh í ag an gCoiste Comhpháirtíochta chun í a mheas agus a scaipeadh i measc gach ball foirne. Dréachtaíodh plean feidhmiúcháin agus cuireadh seo san áireamh sa phróiseas pleanála gnó. Tabharfar aire faoi leith do na bealaí chun cumarsáid agus idirchaidreamh san Oifig a fheabhsú d'fhonn próisis a shruthlíniú agus éifeachtacht a fheabhsú.

I mí Iúil, 2003, bunaíodh Coiste Comhpháirtíochta a chuimsigh ionadaithe ceardchumainn, foirne agus bainistíochta chun an próiseas athraithe bainistíochta san Oifig a neartú. Feidhmíonn an Coiste le cuidiú na ngrúpaí oibre de réir mar a bhíonn riachtanas leis. Faoi dheireadh na bliana 2003, bhí dhá ghrúpa oibre bunaithe: Grúpa Oibre Cumarsáide Inmheánach chun straitéis cumarsáide inmheánach a fhorbairt agus Grúpa Oibre Comhionannais chun polasaí agus clár comhionannais a fhorbairt.

Airgeadas

Tá gach íocaíocht maidir le gach suim airgid a caitheadh ag an Oifig déanta ag an Rannóg Airgeadais, Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Cill Áirne. Tá dlúthobair idir Aonad Airgeadais ORAC agus an Rannóg Airgeadais agus le Rannóg Beartais Tearmainn na Roinne i ndáil le hábhair buiséadú agus déanann sé ionadaíocht ar ORAC ag cruinnithe an Ghrúpa Bhuiséid Idir-Ghníomhaireacht.

Le linn 2003, i gcomhthéacs cheanglais leanúnach ORAC do na cleachtais airgeadais is fearr, luach an airgid srl. i ngach réimse den chaiteachas a chinntiú, d'fhoilsigh an tAonad cáipéis faoi Nósanna Imeachta an Bheartais Airgeadais ina leagtar síos na nósanna imeachta le leanúint ag gach ball foirne agus iad ag dul faoi chostais thar cheann na hOifige. Clúdaítear líon réimse sa cháipéis, ina n-áirítear soláthrú, ragobair, úsáid gutháin póca oifigiúla, úsáid tacsaí do chríocha oifigiúla, socruithe taistil, cothabhála agus do thaisteal thar lear.

I 2003, sholáthair an tAonad mionanailís agus miondealú ar chaiteachas mhíosúil, bainte amach as na cuntais is mó atá suas chun dáta arna sholáthar ag an Rannóg Airgeadais, Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Tá na tuarascálacha seo an-tábhachtach chun monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas agus í a phleanáil ar feadh na bliana.

Tá táirge caiteachais na heagraíochta don bhliain 2003 leagtha síos in Aguisín 4.

Eagrúchán

Tá an tAonad Eagrúcháin freagrach as cóiriú agus deisiú fhoirgnimh na hOifige, mar aon le gach riachtanas sláinte, sábháilteachta agus slándála i leith na foirne i dteach Timberlay, Sr. an Mhóta Íoch. agus Sr. na Canála Móire Íoch. Tá an fhoireann suite i Sráid Hannover faoi choimirce an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe maidir le ceisteanna sláinte, sábháilteachta agus slándála.

Tugadh mórclár athchóirithe chun críche i 2003 ag Sr. na Canála Móire Íoch.

Faoi réir riachtanais sláinte agus slándála, tháinig an Coiste Sábháilteachta Limistéir do ORAC le chéile faoi dhó i 2003 chun gach saincheist sláinte agus slándála a phlé agus a mheas. Le linn na bliana, leasaíodh Ráiteas Sláinte Theach Timberlay agus cuireadh ar fáil é don fhoireann uilig san fhoirgneamh. Chomh maith leis seo, bunaíodh Coiste Sábháilteachta Limistéir don fhoirgneamh i Sráid na Canála Móire. Cuireadh le chéile ráiteas sábháilteachta do Shráid na Canála Móire agus scaipeadh é i measc na foirne. Tionóladh cruinnithe freisin le linn na bliana le maoir dóiteáin na hOifige agus eagraíodh druileanna dóiteáin san dá fhoirgneamh.

Tá socrú conartha fós ag an Oifig le comhlacht príobháideach maidir le seirbhísí slándála a sholáthar i ngach limistéar poiblí de Theach Timberlay le linn gnáthuaireanta oibre. Cuireadh an seirbhís seo i bhfeidhm chun tacú le slándáil agus sábháilteacht na foirne agus ár gcuairteoirí araon.

An Fhoireann

Ar an 31 Nollaig, 2003, bhí 274 ball foirne ag obair san Oifig, a léiríonn, le socruithe roinnte oibre, iomlán foirne de 258. I 2003, sannaíodh 39 ball foirne de ghrádanna éagsúla don Oifig seo, le 59 ball foirne a d'fhág an Oifig trí scor, éirí as, ardú céime nó aistriú.

Tugadh isteach scéim roinnte oibre san Oifig i mí an Mhárta, 2002, agus faoi dheireadh na Nollag, 2003, bhí 39 ball foirne ag baint tairbhe as an scéim. Bhain baill foirne tairbhe as scéimeanna eile a bheith oiriúnach do theaghlaigh mar saoire thuismitheora (i.e.aithreachais nó máithreachais) nó saoire le linn an téarma scoile.

Córas Feidhmiúcháin Bainisitíochta agus Forbartha

Tá an Oifig tiomnaithe do Chóras Feidhmiúcháin Bainistíochta agus Forbartha (PMDS) a chur i ngníomh. Is téarma leathan é Bainistíocht Fheidhmiúcháin chun léargas a thabhairt ar conas a dhéantar bainistíocht ar fheidhmiú oibre, riachtanais slí bheatha agus forbartha an oibrí agus is í an sprioc atá leis ná cur le feabhas leanúnach i bhfeidhmiú ag déanamh ailíniú ar fheidhmiú aonair agus foirne le spriocanna na heagraíochta. Faigheann baill foirne nua na hOifige oiliúint i PMDS agus comhlánaíonn gach ball foirne Foirmeacha Próifíle Feidhmithe go bliantúil de réir an Phlean Gnó. Aithnítear riachtanais oiliúna agus forbartha idir an oibrí agus an bainisteoir cuí agus cuirtear iad ar aghaidh chuig an Aonad Oiliúna. Arna chuimsiú ag timthriall an PMDS tá próiseas Athbhreithnithe Eatramhach agus Athbhreithnithe Bhliantúil.

Comhionannas

Tugadh aire faoi leith le linn na bliana do fhorbairt tionscnaimh sa réimse Comhionannais. I mí Dheireadh Fómhair, 2003, ceapadh Oifigeach Comhionannais mar aon le grúpa oibre faoin gComhpháirtíocht chun Beartas agus Clár Comhionannais a dhearadh don eagraíocht. Phléigh an grúpa chúig réimse, m.sh. míchumas sa láthair oibre, feasacht ciníochais agus idirchultúrthacht, bullaíocht agus ciapadh, beartais cáirdiúla teaghlaigh agus r-obair, agus cuirfidh sé a bhreithiúnais agus a mholtaí faoi bhráid an Choiste Comhpháirtiochta go luath i 2004. Tá beartaithe grúpa breise a bhunú i 2004 chun an obair bhreise sa réimse seo a chur i gcrích.

Tacaíocht don Fhoireann

Leanadh ar feadh na bliana le seirbhísí atá á soláthar ag an Oifigeach Cuidiú Foirne (EAO) a chur ar a súilibh don fhoireann. Scaipeadh eolas maidir leis na seirbhísí trí r-phost, i bhfoirm bileoige agus freisin trína cuimsiú i nuachtlitir na foirne, *The ORACle*. Freisin eagraíodh cuairteanna ar láthair gach sé sheachtain áit a bheadh an EAO ar fáil do chomhairliúchán duine le duine leis an bhfoireann. Eagraíodh dhá chuairt le hionadaí ón gCiste Hospital Saturday (plean cumhdaithe do chostais cúraim sláinte agus caillteanais tuillimh) a mhínigh buntáistí na scéime don fhoireann. Eagraíodh cuairt freisin leis an VHI i ndáil lena Scéim Ghrúpa.

Ta tábhacht faoi leith ag baint le soláthrú tacaíochta cuí don fhoireann san eagraíocht seo, mar go mbíonn ar bhaill foirne buaileadh le hiarratasóirí aghaidh ar aghaidh agus le linn a gcuid oibre bíonn orthu éisteacht le cuntais na n-iarratasóir faoi eachtraí coscracha ina dtíortha bunaidh. Is féidir le cuntais dá leithéid trácht a thabhairt ar mharaithe, céasadh, foréigean gnéis, ciorraithe srl.

Is soiléir gur féidir leis seo a bheith in a thaithí dheacair do iarratasóirí ach freisin do bhaill foirne agus, cé go bhfuil staid na n-iarratasóir i gcónaí tábhachtach duinn, is cúis imní freisin staid na mball foirne a chaitheann déileáil le cuntais dá leithéid, ar dtús in agallaimh agus níos déanaí ag an gcéim tuarascála agus tíolactha.

Chun dul i ngleic leis an ngné dheacair agus strusúil seo den obair, d'fhostaigh an Oifig seirbhísí Ionad Ghéarchéime Éignithe Átha Cliath chun oiliúint a cheapadh agus a sholáthar don fhoireann tús cadhnaíochta. Chuimsigh an oiliúint seo treoirlínte a sholáthar d'fhonn iarratasóirí a chur faoi agallamh i ndáil le hócáidí coscracha ag cur mothúcháin an iarratasóra san áireamh agus freisin chuimsigh sé gné féin-chúraim don fhoireann. Cuireadh an oiliúint seo ar fáil do gach cásoibrí, a maoirseoirí agus gach oifigeach tíolactha. Chuir an Oifig tús freisin le tionscnamh tacaíochta/tuairisce diongbhála don fhoireann cásoibre arna éascú ag ball foirne bainistíochta de ORAC agus

Oifigeach Cuidiú Foirne na Roinne. Sa tionscnamh seo tháinig cásoibrithe le chéile i ngrúpaí beaga i suíomh struchtúrtha, éascaithe in arb' fhéidir leo saincheisteanna imní a phlé d'fhonn réiteach/cleachtais is fearr a lorg laistigh den ghrúpa. Cuireadh an tionscnamh seo i bhfeidhm mar fhreagra dhíreach d'éis suirbhé riachtanais foirne sa réimse seo a dhéanamh.

Oiliúint

Déanann an tAonad Oiliúna oiliúint a chomheagrú, a éascú agus a sheachadadh ar gach réimse den eagraíocht. Is féidir an oiliúint a cuirtear ar fáil a rangú mar fhorbairt ghinearálta nó sonrach don jab. I 2003 cuireadh go leor béime ar oiliúint a bhí sonrach don jab, go háirithe maidir le hullmhúchán do fheidhmiú na leasuithe reachtaíochta.

Eagraíodh cláir oiliúna sonracha do fheidhm chinnteoireachta stádais dídeanaí i gcomhchomhairle leis an UNHCR ag cur taithí agus comhairle na saineolaí tearmainn san áireamh. Tá an oiliúint seo, a bhíodh á chur i láthair ag an UNHCR roimhe seo, á chur i láthair níos minicí anois ag ORAC féin le tacaíocht agus treoraíocht ón UNHCR. Chun na críocha seo rinneadh grúpa foirne a oiliúint mar oiliúnóirí chun cuidiú mar is gá le cur i láthair oiliúint chinnteoireachta stádais dídeanaí agus le soláthrú réamh-oiliúint sonrach do chásoibrithe agus oifigigh tíolactha. Chun an oiliúint seo a éascú agus chun formhaisiú a dhéanamh ar chaighdeán na cinnteoireachta ceapadh comhairleoir ag an UNHCR agus cuireadh go leor tacaíochta ar fáil do ORAC i 2003. D'oibrigh sé don chuid is mó ar bhonn duine le duine le cásoibrithe i ndáil le hagallaimh agus scríobh tuarascála agus thug treoir ar cheisteanna a bhain le tíortha sonracha.

Tá clár oiliúna leanúnach do bhaill foirne ann i ndáil le hagallaimh, measúnú, cinnteoireacht, nósanna imeachta tearmann agus achomhairc.

Lean an clár oiliúna do Ardoifigigh Fheidhmiúcháin le linn na bliana 2003 le soláthrú an chúrsa "Bainistiú Daonna – Freagracht na mBainisteoirí Líne" do 26 ball foirne breise. Rinneadh lorg ar thairicintí maidir le hoiliúint bhainistíochta do Leas-Phríomhoifigigh.

Eagraíodh oiliúint i bpacáistí feidhmiúcháin ríomhaire do 80 ball foirne san Oifig. Dhearaigh an tAonad Teicneolaíochta na cúrsaí seo chun a chinntiú go mbeadh riachtanais eagrúcháin mar aon le riachtanais aonair á riaradh, agus á gcur i láthair ag soláthróir oiliúna seachtrach.

Oiliúint eile a soláthraíodh le linn na bliana 2003:

- Réamh-Oiliúint
- Córas Feidhmiúcháin Bainistíochta agus Forbartha
- Scileanna Cumarsáide Éifeachtacha
- Bainistíocht Struis
- Garchabhair Gairme
- Bullaíocht agus Ciapadh
- Scileanna Tíolactha
- An Oiliúnóir á Oiliúint

Mar aon leis seo, d'fhreastail Príomhoifigeach, Taighdeoir Dlíthiúil agus ArdOifigeach Feidhmiúcháin ón Oifig ar Chúrsa Dioplóma sa Dlí Dídeanaí de chuid na hInstitiúide Idirnáisiúnta i nDlí Daonchairdiúil a heagraiodh i San Remo na hIodáile.

Anailís ar Riachtanais Oiliúna

Thosaigh obair i 2003 ar anailís riachtanais oiliúna a bhfuil súil críoch a chur leis go luath i 2004 agus a chuirfidh pleananna bliantúla oiliúna in iúl chomh maith le straitéis oiliúna meán-théarmach. Beidh an anailís ar riachtanais oiliúna bunaithe ar riachtanais oiliúna a tugadh le fios ar fhoirmeacha próifíle fheidhmithe aonair chomh maith le riachtanais oiliúna eagraiochta a aithníodh i gcomhchomhairle leis an mbainistíocht i ngach Aonad.

Teicneolaíocht an Eolais

Ta feidhm níos tábhachtaí á phlé ag teicneolaíocht an eolais agus cumarsáide i dtacaíocht le cuspóirí gnó na heagraíochta.

Tacaíonn an tAonad le líonra TE a thrasnaíonn trí fhoirgneamh. I measc na seirbhísí a sholáthraíonn an tAonad Teicneolaíochta tá soláthar ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, clóinnill agus gutháin, áis deasca chabhrach chomh maith le tacaíocht agus forbairt chórais speisialta na heagraíochta, ina measc, córais cásbainistíochta, Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath, méarloirge agus fáiltithe.

Le linn 2003, chuaigh an tAonad i mbun líon tionscnamh tábhachtacha. An ceann ba thábhachtaí ina measc ná dhá chóras ar fud an AE chun sonraí leictreonacha a aistriú go sábháilte agus go héifeachtach idir Bhallstáit an AE. Tugadh isteach EURODAC[16] i mí Eanáir, 2003, agus cuireadh DubliNET[17] i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair, 2003.

Sheol an eagraíocht suíomh gréasain dá cuid féin *www.orac.ie* i 2003 a dearadh go hinmheánach chun eolas faoin Oifig agus a gníomhaíochtaí a chur ar fáil go héasca do eagraíochtaí eile agus don phobal. Cuirtear eolas ar fáil ar an suíomh faoin bpróiseas tearmainn, reachtaíocht lena mbaineann, foilsiúcháin agus staisisticí míosúla agus bliantúla de chuid ORAC.

Cuirfear straitéis teicneolaíochta i bhfeidhm i 2004 chun cur chuige níos straitéisí a éascú in úsaid teicneolaíochta san Oifig.

16 *Féach Caibidil 3.*
17 *Féach Caibidil 4.*

Aguisíní

Aguisín 1 – Cairt Eagraíochta do Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe



Líon na n-Iarratas in aghaidh na Bliana ó 1992 go 2003



Líon na n-Iarratas a Fuarthas gach Mí ó 01/01/03 go 31/12/03



Áiteanna a rinneadh na hIarratais i 2003



Aois Sonraithe ag Iarratasóirí 2003



Miondealú Inscní 2003



Céad Sé Thír Bhunaidh a Sonraíodh 2003



Comparáid idir na hIarratais a Fuarthas agus na Cásanna a Cuireadh i gCrích 2003



Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Bea	Mei	Iúi	Lún	Meá	Dei	Sam	Nol
Iarratais a Fuarthas	*979*	*947*	*892*	*667*	*604*	*661*	*646*	*655*	*611*	*496*	*395*	*347*
Cásanna i gCrích	*1,121*	*874*	*799*	*630*	*745*	*588*	*741*	*594*	*680*	*692*	*691*	*486*

Cásanna i gCrích 2003



Arna Deonú:	*Tá moladh tugtha ag an gCoimisinéir gur chóir stádas dídeanaí a dheonú ar an iarratasóir.*
Arna Diúltú a.13:	*Tá moladh tugtha ag an gCoimisinéir nár chóir stádas dídeanaí a dheonú ar an iarratasóir (faoi fhorálacha an Achta a bhí ann roimh an 15 Meán Fómhair, 2003).*
Gan Bunús a.12(1):	*Tá moladh tugtha ag an gCoimisinéir go meastar go bhfuil an t-iarratasóir "gan bunús" faoi fhorálacha alt 12(4) den Acht a bhí ann roimh an 15 Meán Fómhair, 2003.*
Arna Diúltú a.11(9):	*Más rud é go mainneoidh iarratasóir freastal ar an dara agallamh a sceidealadh tugann an Coimisinéir moladh nár chóir stádas dídeanaí a dheonú ar an iarratasóir (faoi fhorálacha an Achta a bhí ann roimh an 15 Meán Fómhair, 2003).*
Arna Diúltú a.13(4)(b):	*Tá moladh tugtha ag an gCoimisinéir nár chóir stádas dídeanaí a dheonú ar an iarratasóir (faoi fhorálacha an Achta i bhfeidhm tar éis 15 Meán Fómhair, 2003). Caithfear achomhairc a chur faoi bhráid an Bhinse lastigh de 15 lá.*
Arna Diúltú a.13(2):	*Tá moladh tugtha ag an gCoimisinéir nár chóir stádas dídeanaí a dheonú ar an iarratasóir tar éis dó nó di iarratas a tharraingt siar nó go meastar a bheith tarraingthe siar (faoi fhorálacha an Achta i bhfeidhm tar éis 15 Meán Fómhair, 2003). Ní féidir aon achomhairc a chur faoi bhráid an Bhinse.*
Arna Diúltú a.13(5):	*Tá moladh tugtha ag an gCoimisinéir nár chóir stádas dídeanaí a dheonú ar an iarratasóir agus tá arna áirithiú ina tuarascáil breithiúnas faoi réir fhorálacha alt 13(6) den Acht i bhfeidhm tar éis 15 Meán Fómhair, 2003. Caithfear achomhairc a chur faoi bhráid an Bhinse laistigh de 10 lá.*
Cinneadh Choinbhinsiúin/ Rialacháin Bhaile Átha Cliath II:	*Ós rud é gur cruthaíodh gur chóir éileamh an iarratasóra ar stádas dídeanaí a chinneadh i dtír eile de chuid Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath/Rialachán Bhaile Átha Cliath II*
Arna Tarraingt Siar:	*Gur tharraing an t-iarratasóir siar a (h)iarratas ar stádas dídeanaí (faoi fhorálacha an Achta a bhí ann roimh an 15 Meán Fómhair, 2003).*

Cásanna arna Tarraingt Siar/Meastar a bheith Tarraingthe Siar 2003



D'éis na leasuithe reachtaíochta a tugadh isteach san Acht Inimirce, 2003, tugtar moladh gur chóir stádas dídeanaí a dhiúltú sa chás go dtarraingítear siar iarratas ag an iarratasóir nó go measann an Coimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe go bhfuil sé tarraingthe siar. Tugann an chairt seo mionsonraí ar iarratais a tarraingíodh siar nó a mheastar a bheith tarraingthe siar i 2003. Sa chás go n-úsáidtear an figiúr 1,243 i dtéacs de chuid na tuarascála seo, baineann sé le gach iarratas a tarraingíodh siar ag an iarratasóir féin. (A agus B thuas).

Moltaí arna Eisiúint 2003



** Moltaí reachtaíochta nua i bhfeidhm ó 15/09/03 i leith.*

Agallaimh a Sceidealadh agus ar a d'Fhreastal 2003



Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Bea	Mei	Iúi	Lún	Meá	Dei	Sam	Nol
Arna Sceidealadh	*1,191*	*1,251*	*1,182*	*804*	*807*	*637*	*647*	*491*	*416*	*612*	*626*	*474*
Ar a d'Fhreastal	*475*	*522*	*531*	*464*	*459*	*429*	*444*	*348*	*285*	*411*	*430*	*328*
% a d'Fhreastal	*40*	*42*	*45*	*58*	*57*	*67*	*69*	*71*	*69*	*67*	*69*	*69*

Iarratais gan Réiteach ag 01/01/03 go 31/12/03



Staitisticí do Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath agus Rialachán Bhaile Átha Cliath II don Tréimhse 01/01/2003 go 31/12/2003



** Déantar fiosrúcháin ar thíortha Choinbhinsiúin eile de bhun Airteagal 26 de Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath agus de bhun Airteagal 21 de Rialachán Bhaile Átha Cliath II. Déantar na fiosrúcháin chun a fhionnadh má tá aon eolas ar an iarratasóir ag an stát lena mbaineann.*

Airteagal 15 (Airteagal 21 – Rialachán Bhaile Atha Cliath II) – Fiosrúcháin curtha chuig Tíortha an Choinbhinsiúin/Rialacháin Eile – 2003

Fiosrúcháin Airteagail 15 go Tíortha an Choinbhinsiúin/Rialacháin (Airteagal 21 Rialachán Bhaile Atha Cliath II) – 2003



Fiosrúcháin Airteagail 15 go Tíortha an Choinbhinsiúin – 2003 (Airteagal 21 Rialachán Bhaile Atha Cliath II)

Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Bea	Mei	Iúi	Lún	Meá	Dei	Sam	Nol	Iomlán
Iarratais	*666*	*292*	*191*	*175*	*371*	*89*	*28*	*2*	*–*	*–*	*6*	*2*	**1,822**

Freagraí ar Airteagal 15anna (Airteagal 21anna – Eisithe)



Iarratais Foirmiúla curtha ag Stáit Eile Choinbhinsiúin Bhaile Átha Cliath/ Rialacháin Bhaile Átha Cliath II – 2003*

Iarratais Foirmiúla curtha ag Tíortha Choinbhinsiúin Bhaile Átha Cliath/ Rialacháin Bhaile Átha



Iarratais Foirmiúla curtha ag Stáit Eile Choinbhinsiúin Bhaile Átha Cliath/ Rialacháin Bhaile Átha Cliath II – 2003

Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Bea	Mei	Iúi	Lún	Meá	Dei	Sam	Nol	Iomlán
Iarratais	*8*	*34*	*32*	*13*	*16*	*11*	*54*	*65*	*–*	*1*	*9*	*6*	**249**

** Áirítear i measc na n-iarratas foirmiúla seo iarratais déanta faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II a tháinig i bhfeidhm ar 1 Meán Fómhair, 2003.*

Freagraí ar Iarratais Foirmiúla a Eisíodh – 2003



Aistrithe faoi Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath/ Rialachán Bhaile Átha Cliath II de réir Líon agus Mí – 2003

Aistrithe faoi Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath/ Rialachán Bhaile Átha Cliath II – 2003



Aistrithe faoi Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath/Rialachán Bhaile Átha Cliath II – 2003

Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Bea	Mei	Iúi	Lún	Meá	Dei	Sam	Nol	Iomlán
Aistrithe Isteach	–	*3*	*5*	*2*	*3*	*3*	*2*	*3*	*1*	*6*	*8*	*1*	**37**
Aistrithe Amach	–	*1*	*3*	*5*	*6*	*3*	–	*5*	*3*	*6*	*4*	*2*	**38**

Próifíl Chaiteachais Pá do Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe: 1 Eanáir – 31 Nollaig, 2003

Tá figiúr pá de chuid Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe comhnasctha leis an Ghníomhaireacht um Fháiltiú agus Lánpháirtiú, Binse Achomhairc na nDídeanaithe, Aonad Cinntí Aireachta, Aonaid Inimirce agus Beartas Tearmainn na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, faoi Mhírceann G den Vóta Dlí agus Cirt 19.

Ba é an táirge pá do Mhírceann G don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ná €19,447,000*.

Próifíl Chaiteachais Neamh-Phá do Oifig an Choimisnéara Iarratais do Dhídeanaithe: 1 Eanáir – 31 Nollaig, 2003

Miondealú ar Chaiteachas Neamh-Phá

Cineál	**Suim**
Iompar agus Cothabháil	*€45,843.19*
Oiliúint	*€62,606.73*
*Ilghnéitheach***	*€23,574.39*
*Costais Comhdhála***	*€14,511.49*
*Dámhachtain Fheidhmithe Eisceachtúil***	*€7,261.55*
*Sóláistí***	*€2,843.35*
Foilsiúcháin	*€17,206.57*
*Tionscnamh Bainistíochta Straitéiseach***	*€6,556.86*
Postas	*€146,239.43*
Teileachumarsáid	*€81,369.21*
Trealamh Oifige & Ríomhaire – Sócmhainní	*€176,855.57*
Cothabháil Trealaimh & Soláthairtí	*€172,247.90*
Cothabháil Áitribh & Caiteachas	*€732,161.81*
Troscán & Feisteas	*€17,015.64*
Comhairliúchán	*€56,667.94*
*Leabharlann agus Taighde Dlíthiúil***	*€6,401.43*
Costais Dlíthiúla	*€197,303.35*
Aistriúchán/Ateangaireacht	*€1,600,706.77*
Iomlán	**€3,367,373.18**

** Arna sholáthar ag an Rannóg Airgeadais, Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí 6 Eanáir, 2004.*

*** Tá na hiomláin maidir le cóid na nithe seo ró-bheag chun a léiriú ar an bpíchairt seo a leanas.*

Caiteachas Neamh-Phá 2003 do ORAC



Aguisín 5 – Príomhathruithe ar Acht na nDídeanaithe, 1996, agus ar an bpróiseas déileála le hiarratais ar thearmann a thig ó na leasuithe atá in alt 7 den Acht Inimirce, 2003

1 Réamhrá

Tháinig na hathruithe do Acht na nDídeanaithe i bhfeidhm ar an 15 Meán Fómhair, 2003. Tá achoimre ar na príomhfhorálacha reachtaíochta nua le fáil sa bhfógra seo a leanas. Ciallaíonn aon tagairt don "Acht" do Acht na nDídeanaithe, 1996 (arna leasú) agus don "Aire" don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Is ar mhaithe le heolas agus le treoir amháin an nóta achoimre seo agus ní airbheartaítear gur léirmhíniú dlíthiúil ar an Acht atá ann ná sainmhíniú fhoriomlán ar na hathruithe dó.

2 Tógáil Méarloirg

Roimh an 15 Meán Fómhair ní raibh cead méarloirg a thógáil ach de iarratasóirí ós cionn 14 bliain d'aois. Is féidir anois méarloirg a thógáil de iarratasóirí faoi bhun 14 bliain, ach amháin i láthair tuismitheoir nó caomhnóir, agus arna údarú ag duine ainmnithe ag an Aire don chríoch sin nó, más rud é go bhfuil méarlorg á thógáil ag Garda, arna údarú ag Garda sinsir. Ag deireadh na bliana 2003 ní raibh aon duine ainmnithe ag an Aire don chríoch seo.

3 Fógra Tuarascála

D'fhéadfadh go mbeadh ar iarratasóir cónaí in áit nó i gceantar faoi leith, nó dul i láthair Oifigigh Inimirce, oifigigh Garda nó duine údaraithe eile ar bhonn rialta. Má loictear an riachtanas seo a chomhlíonadh

- is cion coiriúil é faoinar féidir leis an iarratasóir fíneáil a fháil nó dul i bpríosún; nó
- is féidir go measaí iarratas an iarratasóra a bheith tarraingthe siar

4 Coinneáil agus Tréimhsí idir Láithreachais sa Chúirt

Má choinnítear iarratasóir faoi alt 9(8) den Acht fad is atá a (h)iarratas ar thearmann á chinntiú, méadaítear an uasthréimhse idir láithreachais sa chúirt d'fhonn coinneáil dá leithéid a athbhreithniú ó 10 go 21 lá.

5 Clásal 'Eisimh' Leasuithe

Tá leasú déanta ar shainmhíniú an dídeanaí faoi alt 2 den Acht chomh fada agus a bhaineann sé le hiarratas na gclásail dá n-gairtear 'eisimh' do dhaoine a bhfuil coir déanta acu i gcoinne na síochána, coir chogaidh, coir i gcoinne an chine dhaonna nó tromchoireacht neamh-pholaitiúil nó atá ciontach as gnímh contrártha do chríocha na Náisiún Aontaithe. Is féidir leis na forálacha 'eisimh' seo dul i bhfeidhm sa chás, de réir Coinbhinsiún na Ginéive 1951, go bhfuil 'trombhunús ann chun a bheith den tuairim' gur féidir an duine seo a rangú i gceann de na catagóirí lena mbaineann.

6 Dualgas Comhoibriú, Cásanna arna dTarraingt Siar agus a Mheastar a bheith Tarraingthe Siar

Cuireann na forálacha nua dualgas ar an iarratasóir comhoibriú ag gach am le himscrúdú a (h)iarratas agus le cinneadh a (h)achomhairc, más ann dó.

Sa slí seo, tá dualgas ar an iarratasóir gach faisnéis a bhaineann lena (h)iarratas atá ina seilbh nó ar fáil dóibh, a sholáthar don Choimisinéir nó do Bhinse Achomhairc na nDideanaithe dá luaithe agus is féidir.

Tá dualgas ar gach iarratasóir a s(h)eoladh a chur in iúl don Choimisinéir lastigh de 5 lá oibre ón tráth iarratas ar dhearbhú do stádas dídeanaí a dhéanamh. Muna gcomhlíonfar an dualgas seo, measfar a (h)iarratas a bheith tarraingthe siar, gan a thuilleadh fógra a thabhairt.

Mar a bhí roimh 15 Meán Fómhair, tá dualgas ar iarratasóirí an Coimisinéir a chur maidir le haon athrú seolta dá luaithe agus is féidir. Faoi réir na bhforálacha nua, mura gcomhlíontar an dualgais seo, féadfar a mheas go bhfuil an t-iarratas tarraingthe siar.

Más rud é go mainneoidh iarratasóir freastal ar agallamh ar an dáta agus ag an am a socraíodh don agallamh gan chúis réasúnach a sholáthar don neamh-láithreachas laistigh de 3 lá oibre dá éis an dáta sin measfar a (h)iarratas a bheith tarraingthe siar.

Aguisín 5 – Príomhathruithe ar Acht na nDídeanaithe, 1996, agus ar an bpróiseas déileála le hiarratais ar thearmann a thig ó na leasuithe atá in alt 7 den Acht Inimirce, 2003

Más rud é go mainneoidh iarratasóir ina d(h)ualgas comhoibriú leis an bpróiseas nó faisnéis a bhaineann leis a (h)iarratas a sholáthar nó dualgais áirithe[18] a cuireadh orthu ag an Acht a shárú, cuirtear fógra i scríbhinn chuige nó chuici ag iarraidh air nó uirthi an mian leis nó léi leanacht ar aghaidh lena (h)iarratas. Muna bhfreagraíonn siad laistigh de 15 lá oibre ó cuireadh an fógra amach, measfar a n-iarratas a bheith tarraingthe siar.

Is féidir le hiarratasóir a (h)iarratas a tharraingt siar i bhfoirm scríbhinn chuig an Coimisinéir.

Má tharraingítear iarratas siar nó má mheastar go bhfuil an t-iarratas tarraingthe siar sula ndearna an Coimisinéir moladh ina leith, cuirfear imscrúdú an iarratais ag an gCoimisinéir ar ceal agus déanfar moladh nár chóir an t-iarratasóir a dhearbhú mar dhídeanaí. Níl aon achomharc i gcoinne moladh dá leithéid sin, agus cuirfear an moladh ar aghaidh chuig an Aire.

7 Imscrúdú na n-Iarratas ag an gCoimisinéir

Tá dualgas ar an gCoimisinéir aon uiríoll scríofa a fuarthas ón iarratasóir roimh nó le linn agallaimh a chur san áireamh. Níl ceanglas san Acht níos mó maidir le 7 lá breise dá éis an agallaimh a sholáthar ag an gComisinéir inar féidir uiríll scríofa breise a dhéanamh.

8 Dualgas Cruthúnais & Tíortha Bunaidh Sábháilte

Faoi réir na bhforálacha nua, féadfaidh an tAire, tar éis comhairle leis an Aire Gnóthaí Eachtracha, tír a ainmniú mar thír bhunaidh shábháilte. D'fhonn an cinneadh seo a thógáil, beidh ar an Aire a mheas an bhfuil an tír comhpháirteach in ionstraim idirnáisiúnta cearta daonna faoi leith mar a shonraítear san Acht, ar bhfuil córas polaitiúil daonlathach i bhfeidhm agus breithiúnacht neamhspleách, agus an bhfuil riail an dlí in úsáid.

In ordú le dáta 15 Meán Fómhair, 2003, d'ainmnigh an tAire na tíortha seo a leanas mar thíortha bunaidh sábháilte:

An Bhulgáir, An Chipir, Poblacht na Seice, An Eastóin, An Ungáir, An Laitvia, An Liotuáin, Málta, An Pholainn, An Rómáin, An tSlóvaic agus An tSlóivéin.

Dhearbhaigh an tAire freisin go bhfuil sé ar intinn aige an liosta seo a choimeád faoi shúil. Féadfar tíortha a chur le nó a bhaint den liosta ag aon am.

Má mheasann an Coimisinéir gur náisúnach de, nó go bhfuil cead cónaithe ag iarratasóir, in aon tír atá ainmnithe ag an Aire mar thír bhunaidh sábháilte, nó más rud é gur chuir an t-iarratasóir iarratas ar thearmann isteach i dtír eile atá comhpháirteach i gCoinbhinsiún na Ginéive, ní mheasfar ansin gur dídeanaí iad munar féidir leo bunús réasúnach a thaispeáint don mhaíomh gur dídeanaí iad.

18 *Is iad na dualgais ná:*

- *ní féidir le hiarratasóir an Stát a fhágáil, nó iarracht a dhéanamh í a fhágáil, gan cead ón Aire;*
- *caithfidh iarratasóir a s(h)eoladh a sholáthar don Choimisinéir nó sonraí maidir le haon athrú seolta dá luaithe agus is féidir;*
- *caithfidh iarratasóir fanacht in áit áirithe sa Stát mar is riachtanach faoin Acht;*
- *caithfidh iarratasóir dul i láthair ag amannta sonraithe arna iarraidh faoin Acht.*

Aguisín 5 – Príomhathruithe ar Acht na nDídeanaithe, 1996, agus ar an bpróiseas déileála le hiarratais ar thearmann a thig ó na leasuithe atá in alt 7 den Acht Inimirce, 2003

9 Treoracha Tosaíochta ag an Aire do Iarratais Áirithe

Féadfaidh an tAire, an Coimisinéir nó Cathaoirleach an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe a threorú gur chóir tosaíocht a thabhairt do chineáil iarratas faoi leith.

Ar ordú ón Aire, le dáta 15 Meán Fómhair, 2003, tá sé de dhualgas tosaíocht a thabhairt do iarratais ó iarratasóirí de bhunadh, nó a bhfuil ceart cónaithe acu i dtír ainmnithe mar thír bhunaidh shábháilte (féach an liosta thuas).

Freisin de réir ordú ón Aire, le dáta 15 Nollaig, 2003, tá sé de dhualgas tosaíocht a thabhairt freisin do iarratasóirí de bhunadh **na Nigéire**, a chuireann iarratas isteach ar nó i ndiaidh an dáta sin.

Séard is brí leis seo ná má tá iarratasóir i gceann de na grúpaí thuasluaite agus a dhéanann iarratas ar stádas dídeanaí, go dtabharfar tosaíocht dá (h)iarratas agus féadfaidh an Coimisinéir déileáil leis roimh iarratais eile.

10 Creidiúnacht

Agus creidiúnacht iarratasóra á réamh-mheas ag an gCoimisinéir nó ag an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe i ndáil le hiarratas ar dhearbhú stádais dídeanaí cuirfear seo a leanas san áireamh:

- an bhfuil doiciméid céannachta ag an iarratasóir nó an dtugtar fáth réasúnach nach bhfuil,
- ar sholáthair an t-iarratasóir míniú réasúnach maidir le haon éileamh gurb í Éire an chéad thír shábháilte inar tháinig sé nó sí isteach ann tar éis a t(h)ír féin a fhagáil,
- ar sholáthair an t-iarratasóir míniú foriomlán agus fírinneach ar conas a thaisteal sé nó sí go hÉirinn,
- ar chur an t-iarratasóir iarratas isteach díreach tar éis teacht isteach trí phointe iontrála in Éirinn, nó ar tugadh míniú réasúnach ar an bhfáth nár cuireadh iarratas isteach,
- ar bhrionnaigh, dhíothaigh nó an bhfuair an t-iarratasóir réidh le doiciméid céannachta, agus ar tugadh míniú réasúnach maidir le haon ghníomh dá leithéid,
- ar sholáthair an t-iarratasóir fianaise bhréagach fhollasach nó a ndearna sé nó sí ráitis bréagacha,
- a ndearna an t-iarratasóir iarratas ar thearmann arís, gan chúis réasúnach, tar éis é a bheith tarraingthe siar roimhe sin,
- ar chuir an t-iarratasóir isteach ar thearmann tar éis thosach an phróisis ionnarbtha,
- ar chomhoibrigh an t-iarratasóir le himscrúdú a c(h)áis, gach faisnéis bhainteach a sholáthar dá luaithe agus ab fhéidir, nár fhág sé nó sí an Stát gan cead ón Aire agus gur coinníodh an Coimisinéir suas chun dáta maidir le seoladh nó comhlíonadh aon dualgas chun cónaí in áit faoi leith nó chun dul i láthair duine ainmnithe go rialta,
- ar sholáthair an t-iarratasóir faisnéis nua le linn achomhairc a d'fhéadfadh a bheith curtha ag an gCoimisinéir, ach nár cuireadh í.

11 Moltaí Diúltacha an Choimisinéara agus Cead Achomhairc a chur faoi bhráid an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe (an Binse)

Má áirítear i dtuarascáil an Choimisinéara ar iarratas nár chóir an t-iarratasóir a dhearbhú mar dhídeanaí i ngeall ar tharraingt siar a iarratais nó go meastar é a bheith tarraingthe siar, **ní féidir achomhairc a dhéanamh**. Má áirítear i dtuarascáil an Choiminéara moladh nár chóir an t-iarratasóir a dhearbhú mar dhídeanaí, sé an gnáthphróiseas ná gur féidir leis an iarratasóir achomhairc a chur faoi bhráid an Bhinse i gcoinne an moladh lastigh de **15 lá oibre** ó seoladh an fógra lena mbaineann. Féadfaidh iarratasóir a iarraidh go mbeadh aon achomhairc dá leithéid stiúrtha i bhfoirm éisteacht ó bhéal.

Aguisín 5 – Príomhathruithe ar Acht na nDídeanaithe, 1996, agus ar an bpróiseas déileála le hiarratais ar thearmann a thig ó na leasuithe atá in alt 7 den Acht Inimirce, 2003

I gcásanna faoi leith, cuirfear nósanna imeachta difriúla i bhfeidhm don achomhairc mar seo a leanas:

(i) Má áirítear aon cheann de na breithiúnais breise arna liostáil ag (a) go (e) thíos i measc bhreithiúnais mholta dhiúltach an Choiminéara, féadfaidh iarratasóir achomhairc a chur faoi bhráid an Bhinse i gcoinne an mholta laistigh de **10 lá oibre** ón tráth a seoladh an fógra lena mbaineann. Déanfar cinneadh ar aon achomhairc dá leithéid seo gan éisteacht ó bhéal.

Is iad breithiúnais breise an Choimisinéara ná:

(a) níor thaispeáin an t-iarratas aon bhunús nó íos-bhunús don mhaíomh gur dídeanaí atá san iarratasóir;

(b) rinne an t-iarratasóir ráitis nó sholáthair sé nó sí faisnéis de nádúr bhréagach, chontrártha, mhíthreorach nó neamhiomlán, chun tacú leis an iarratas, a thugann an tuairim nach bhfuil aon bhunús leis an iarratas;

(c) theip ar an iarratasóir, gan údar réasúnach, iarratas a dhéanamh chomh luath agus a bhí indéanta go réasúnach tar éis teacht i dtír sa Stát;

(d) bhí iarratas ar thearmann déanta ag an iarratasóir roimhe sin i stát eile atá comhpháirteach i gCoinbhinsiún na Ginéive (cibé raibh an t-iarratas sin cinntithe, deonta nó diúltaithe)

(e) go bhfuil an t-iarratasóir ina náisiúnach de, nó go bhfuil ceart cónaithe aige nó aici i dtír bhunaidh shábháilte i láthair na huaire arna ainmniú de réir ordú ón Aire faoi alt 12(4) den Acht (féach mír 8 thuas).

(ii) Tá an chumhacht ag an Aire a ordú gur chóir déileáil le hiarratas faoi leith i slí is, dá ndéanfadh an Coimisinéir moladh diúltach faoi, agus dá mba rud é go gcuirfí aon cheann de na breithiúnais bhreise arna liostáil ag (a) go (e) thuas i bhfeidhm, go bhféadfadh iarratasóir achomhairc a chur faoi bhráid an Bhinse i gcoinne an mholta laistigh de **4 lá oibre** in ionad 10 lá oibre mar a shonraítear ag (i) thuas. Déanfar cinneadh ar aon achomhairc dá leithéid seo gan éisteacht ó bhéal. Ag deireadh na bliana 2003, ní raibh aon chineál iarratas dá leithéid ainmnithe ag an Aire.

12 Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath agus Comhaontaithe le Tíortha Treasacha Sábháilte

Tá arna fhoráil ag an Acht freisin feidhmiú agus déanamh orduithe chun éifeacht a thabhairt do Choibhinsiún Bhaile Átha Cliath mar aon leis an Rialachán nua de chuid an AE a tháinig i gcomharbas ar Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath ón 1 Meán Fómahair, 2003 i leith (dá ngairtear Rialachán Bhaile Átha Cliath II). Foráileann an tAcht freisin do chomhaontaithe déthaobhacha le tíortha treasacha sábháilte eile a éascódh aistriú freagrachta ar iarratais áirithe ar stádas dídeanaí idir Éire agus tíortha treasacha den saghas seo. Ag deireadh na bliana 2003, níor cuireadh tús le haon chomhaontú dá leithéid.

Faisnéis faoi na Tíortha Bunaidh (COI)

Tá Faisnéis faoi na Tíortha Bunaidh (COI) comhdhéanta de mhórán cineálacha faisnéise mar reachtaíocht, tuairiscí nuachta, léarscáileanna, cáipéisí oifigiúla, m.sh. pasanna, ceadúnais oibre. Úsáidtear í mar chabhair chun bunús iarratais ar dhearbhú ar stádas dideanaí a chinntiú.

Dearbhú ar Stádas Dídeanaí

Mar a shonraítear in alt 17 den Acht, áit a sholáthraíonn an tAire don iarratasóir lena mbaineann ráiteas i scríbhinn ag dearbhú gur dídeanaí é nó í, tar éis moladh de chuid an Choimisnéara Iarratais do Dhídeanaithe, nó tar éis cinneadh de chuid an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe moladh an Choimisinéara a chur ar ceal.

Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath

Foráileann Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath próiseas cinnteoireachta chun an tír Choinbhinsiúin atá freagrach as iarratas ar thearmann a mheas. Síníodh an Coinbhinsiún i mBaile Átha Cliath ar an 15 Meitheamh, 1990, ag Ballstáit an Chomhphobail Eorpaigh. Dhaingnigh na 15 Ballstát uile de chuid an Aontais Eorpaigh Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath. I dteannta seo, dhaingnigh an Íoslainn agus an Iorua Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath i mí Aibreáin, 2001.

Baile Átha Cliath II

Tháinig Rialachán Bhaile Átha Cliath II, a cuireadh i bhfeidhm ar 1 Meán Fómhair, 2003, i gcomharbas ar Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath. Foráileann an Rialachán seo próiseas cinnteoireachta maidir le cén tír de chuid Rialacháin BÁC II atá freagrach as iarratas ar dhearbhú arstádas dídenaí a scrúdú. Tá gach Ballstát ceangailte don Rialachán, ach amháin an Danmhairg, a leanfaidh ag cur Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm leis na Ballstáit eile. Tá an Rialachán á chur i bhfeidhm freisin ag an Íoslainn agus an Iorua.

EURASIL

Líonra de chuid an AE do Chleachtóirí Tearmainn/European Union Network for Asylum Practitioners/Réseau de l'UE pour les Praticiens de l'Asile. Fóram do chleachtóirí tearmainn san AE chun eolas ar shaincheisteanna tearmainn a mhalartú, mar shampla córais cinnteoireachta ar stádas dídenaí agus córais faisnéise faoi na tíortha bunaidh.

EURODAC

Córas do mhalartú leictreonach méarloirge daoine ós cionn 14 bliain d'aois idir Ballstáit an AE (ach amháin an Danmhairg), mar aon leis an Íoslainn agus an Iorua. Tarchuirtear gach méarlorg ar bhonn laethúil go lárbhunachar sonraí i Lucsamburg.

Comhchomhairle Idir-Rialtasach ar Thearmann (CIR)

Séard atá sa Chomhchomhairle Idir-Rialtasach ar Bheartais Tearmann, Dídeanaí agus Imirce san Eoraip, Meiriceá Thuaidh agus san Astráil ná fóram neamhfhoirmiúil le 16 stát a thagann le chéile chun saincheisteanna imirce agus tearmann a phlé.

Seirbhís Dhlíthiúil do Dhídeanaithe

Séard atá san Seirbhís Dlíthiúil do Dhídeanaithe ná seirbhís a chuirtear ar fáil ag an mBord um Chabhair Dhlíthiúil a sholáthraíonn seirbhís dhlíthiúil do iarratasóirí atá ag lorg dearbhú ar stádas dídeanaí.

Deimhniú Cónaithe Sealadach

Séard é an Deimhniú Cónaithe Sealadach, a fhoráiltear faoi alt 9(3)(a) d'Acht na nDídeanaithe, 1996, ná cárta a thugtar do iarratasóirí ar a bhfuil a ngrianghraf, a n-ainm, a méarlorg, agus sonraí céannachta eile.

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe

Is ionstraim idirnáisiúnta é Coinbhinsiún na NA, a síníodh i 1951, chun stádas dlíthiúil an dídeanaí a shainmhíniú. Glacadh leis an gCoinbhinsiún a bhaineann le Stádas Dídeanaí ag Comhdháil de Lánchumhachtaigh na NA ar an 28 Iúil, 1951, agus cuireadh i bhfeidhm é ar an 21 Aibreán, 1954.

Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNHCR)

Bunaíodh Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNHCR) ar an 1 Eanáir, 1951. Tá arna shonrú go follasach i gCoinbhinsiún 1951 go bhfuil freagracht ar Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe as maoirseoireacht a dhéanamh ar chomhdhálacha idirnáisiúnta maidir le cosaint dídeanaí, agus as comheagrú éifeachtach na mbearta a tógadh chun déileáil leis an bhfadhb seo a chinntiú i gcomhcheangal leis na stáit éagsúla.

Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe

79-83 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2

Guthán: 01-6028000
Lóghlao: 1890 202418
Facs: 01-6028122

R-phost: oracmail@orac.ie
Suíomh gréasáin: www.orac.ie